

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

# Tuarascáil Bhliantúil 2012



# An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

# Tuarascáil Bhliantúil 2012

Curtha faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta
An tUasal Richard Bruton, TD

de réir Alt 27(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990

lena n-áirítear cuntais iniúchta an Choimisiúin don bhliain 2011 agus
na cuntais neamhiniúchta don bhliain 2012

## Giorrúcháin agus Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| ADR | Réiteach Malartach Díospóide |
| AIB | Bainc-Aontas Éireann |
| CIDT | Binse um Dhíospóidí sa Tionscal Tógála |
| CIPD | An Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra |
| CRO | Oifigeach um Réiteach Cás |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| ÚABÁC | Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| RPFN | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| EAT | An Binse Achomhairc Fostaíochta |
| ECB | An Banc Ceannais Eorpach |
| ERIR | Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Oibreachais |
| ERO | Ordú Rialaithe Fostaíochta |
| ERS | Seirbhís Luath-Réitigh |
| BSL | Bord Soláthair an Leictreachais |
| AE | An tAontas Eorpach |
| FDI | Infheistíocht Dhíreach Choigríche |
| FMCS | An tSeirbhís Idirghabhála agus Idir-Réitigh Fheidearálach |
| FRS | Caighdeá(i)n Tuairiscithe Airgeadais |
| GPS | Córas Suite Domhanda |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| IBEC | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| IBOA | Comhlachas Banc-Oifigeach Éireann |
| IBRC | An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta |
| TFC | Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide |
| ICTU | Comhdháil na gCeardchumann |
| EIS | An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair |
| CAI | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| IR | Caidreamh Oibreachais |
| IRN | Nuacht faoi Chaidreamh Tionsclaíoch |
| IRO | Oifigeach Caidrimh Thionsclaíoch |
| IVEA | An Cumann Gairmoideachais in Éirinn |
| JIC | An Chomhchomhairle Thionscail (Comhchomhairlí Tionscail) |
| JLC | Comhchoiste (Comhchoistí) Oibreachais |
| LETB | An Bord Áitiúil Oideachais agus Oiliúna |
| LRC | An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais |
| NEES | An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochta |
| NEET | Níl i mbun Oideachais, Fostaíochta ná Oiliúna |
| NERA | An tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta |
| NIS | An Scéim Náisiúnta Intéirneachta |
| OPW | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| PMDS | Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta |
| PSA | Comhaontú na Seirbhíse Poiblí |
| RCS | Seirbhís an Choimisinéara um Chearta |
| REA | Comhaontú Fostaíochta Cláraithe |
| IR | Ionstraim Reachtúil |
| CSTGT | An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil |
| FBM | Fiontar Beag Nó Meánmhéide (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide) |
| TD | Teachta Dála (Comhalta de Pharlaimint na hÉireann) |
| VEC | Coiste Gairmoideachais |
| WRC | An Coimisiún um Chaidrimh san Ionad Oibre |
| WTO | An Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

# Clár Ábhar



Misean agus Feidhmeanna an Choimisiúin 2

Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin 3

Tuarascáil an Chathaoirligh 5

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 7

**Caibidil a hAon**

Forbairtí Suntasacha in 2012 9

Athchóiriú Caidrimh san Ionad Oibre 17

**Caibidil a Dó**

Toradh na Seirbhísí in 2012 25

Seirbhís Chomhairleach 27

Seirbhís Idir-réitigh 29

Seirbhís an Choimisinéara um Chearta 34

Seirbhísí Corparáideacha 38

**Caibidil a Trí**

Ráitis Airgeadais 41

Cuntais Iniúchta 2011 47

Cuntais Neamhiniúchta 2012 57

## Misean

*"Forbairt agus feabhsú beartas, nósanna imeachta agus cleachtas na hÉireann maidir le caidreamh tionsclaíoch a chur chun cinn trí sheirbhísí oiriúnacha, tráthúla, éifeachtacha a sholáthar d'fhostóirí, do cheardchumainn agus d'fhostaithe."*

## Feidhmeanna

Cuireann an Coimisiún an misean seo i gcrích trí bhíthin na seirbhísí sonracha seo a leanas:

- Seirbhís Idir-réitigh um chaidreamh tionsclaíoch
- Seirbhís Chomhairleach um chaidreamh tionsclaíoch
- Seirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre
- Seirbhís an Choimisinéara um Chearta
- cúnamh a sholáthar do Chomhchoistí Oibreachais agus do Chomhchomhairlí Tionscail maidir le cur i gcrích a gcuid feidhmeanna

Déanann an Coimisiún gníomhaíochtaí forbartha eile a bhaineann le feabhas a chur ar chleachtais maidir le caidreamh tionsclaíoch lena n-áirítear:

- athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- cóid chleachtais a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch a ullmhú i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta
- taighde a dhéanamh agus foilseacháin a sholáthar maidir le caidreamh tionsclaíoch
- seimineáir agus comhdhálacha a eagrú faoi shaincheisteanna caidrimh tionsclaíoch agus bainistíocht acmhainní daonna

## Comhaltaí agus Oifigigh an Choimisiúin

Bord agus Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais 2012



*Ina seasamh ó chlé:*

- **Iarla Duffy**
  ainmnithe ag an Aire mar chomhalta den Bhord, Comhalta den Choiste Iniúchóireachta
- **Peter McLoone**
  ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) mar chomhalta den Bhord
- **Gerard Barry**
  ainmnithe ag an Aire mar chomhalta den Bhord, Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta
- **John Hennessy**
  ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) mar chomhalta den Bhord

*Ina suí ó chlé:*

- **Brendan McGinty**
  ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) mar chomhalta den Bhord
- **Kieran Mulvey**
  Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais
- **Breege O'Donoghue**
  ainmnithe ag an Aire mar chomhalta den Bhord
- **Fergus Whelan**
  ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) mar chomhalta den Bhord

## Cruinnithe an Bhoird agus na Foirne Bainistíochta Sinsearaí

D'athcheap an tAire an Bord reatha ar feadh tréimhse chomh fada le bliain amháin le héifeacht ón 7 Iúil, 2012, nó go dtí go ndéanfar an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais a dhíbhunú, cibé acu is túisce. Tiocfaidh deireadh le téarma oifige an Bhoird ar 7 Iúil 2013.

Tháinig an Bord le chéile 11 uair in 2012 chun plé agus athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis, buiséad, gníomhaíochtaí oibriúcháin agus plean gnó an Choimisiúin agus chun cinneadh a dhéanamh ar réimsí beartas an Choimisiúin agus ar rialachas corparáideach. Tagann an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, ar a bhfuil an Príomhfheidhmeannach agus Cinn na Rannán, le chéile go rialta sna tréimhsí idir cruinnithe an Bhoird.

Is iad seo a leanas atá ar an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí:

- An tUasal Kieran Mulvey
  Príomhfheidhmeannach,
- An tUasal Freda Nolan
  Stiúrthóir Rannán na Seirbhísí Comhairleacha,
- An tUasal Kevin Foley, Stiúrthóir agus an tUasal Anna Perry, Leas-Stiúrthóir, Rannán na Seirbhísí Idir-réitigh
- An tUasal Eddie Nolan
  Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais, Rúnaí an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta. Ceann na Seirbhíse Coimisinéara um Chearta (Bhí Eddie Nolan sa phost sin go dtí Meitheamh 2012.)

## Cruinnithe Boird in 2012

- 2 Feabhra 2012
- 23 Márta 2012
- 12 Aibreán 2012
- 26 Aibreán 2012
- 31 Bealtaine 2012
- 21 Meitheamh 2012
- 19 Iúil 2012
- 12 Meán Fómhair 2012
- 25 Meán Fómhair 2012
- 23 Samhain 2012
- 20 Nollaig 2012

# Chairperson's Report



Tacaíonn Bord an Choimisiúin le tionscnaimh reatha an Aire Richard Bruton, TD chun athstruchtúrú, cuíchóiriú agus athchóiriú a dhéanamh ar an leagan amach atá againn maidir le réiteach díospóidí fostaíochta. Cuirfidh sé sin go mór le leasú na seirbhíse poiblí faoi théarmaí Chlár an Rialtais um Athchóiriú na hEarnála Poiblí. Is é fírinne an scéil ná gur mhol an Coimisiún ina Ráitis Straitéise thar na blianta go gcuirfí cur chuige den sórt sin i bhfeidhm chun sineirgí riachtanacha a chruthú i measc na gcomhlachtaí reachtúla um réiteach díospóidí.

Creideann Bord an Choimisiúin, áfach, gur cheart gnéithe ríthábhachtacha áirithe corparáideacha den chóras atá ann faoi láthair a choinneáil in aon athstruchtúrú reachtúil.

Is é Bord an Choimisiúin an t-aon bhord reachtúil atá ann i measc na gcomhlachtaí reachtúla reatha chun díospóidí fostaíochta a réiteach. D'oibrigh an Coimisiún ó bunaíodh é in 1991, faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990, mar chomhlacht neamhspleách a bhfuil freagracht reachtúil fhoriomlán air chun dea-chaidreamh tionsclaíoch a chur chun cinn in Éirinn.

Chuidigh an Coimisiún agus a sheirbhísí go mór le cúrsaí acmhainní daonna agus caidrimh tionsclaíoch.

Má tá sé chun a chuid seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach tá sé tábhachtach go mbeidh sé neamhspleách agus go bhfeicfear é sin go soiléir agus go mbeidh stádas corparáideach aige agus go gcuirfear smacht buiséadach i bhfeidhm.

Bhí meas ag ceardchumainn agus ag cumainn fostóirí agus go deimhin ag an Rialtas féin ar an bhfeidhm neamhspleách a bhí aige ó bunaíodh an Coimisiún agus chuidigh an meas sin leis an leibhéal cúnaimh, nach bhfacthas riamh cheana, a thug an Coimisiún don tsíocháin thionsclaíoch, d'athchóiriú na seirbhíse poiblí agus na hearnála príobháidí agus d'athchumraíocht agus d'athstruchtúrú gnóthas.

Is ríthábhachtach an rud é go bhfeicfear go bhfuil an Coimisiún neamhspleách, agus chun an fhírinne a rá tá an dealramh neamhspleáchais sin lán chomh tábhachtach leis an neamhspleáchas atá aige, agus caithfear é sin a chinntiú in aon fhorálacha reachtaíochta a rithfear. Ní raibh sé sin chomh soiléir riamh ná chomh riachtanach riamh agus a bhí sé nuair a ghlac an Coimisiún ról san idirbheartaíocht maidir le Comhaontú "Pháirc an Chrócaigh" agus Comhaontú "Bóthar Haddington" ar cuireadh bailchríoch air le déanaí.

Beidh ceithre chomhlacht um réiteach díospóidí nó comhlachtaí dlínse dlí fostaíochta ar leith faoina sainchúram ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre. Bhíodh siad sin neamhspleách agus ag feidhmiú ina n-aonar roimhe seo agus beidh sé riachtanach gníomh cothromaíochta tuisceanach, íogair a dhéanamh idir na cultúir éagsúla a bhíodh acu ó thaobh nósanna imeachta le déileáil le "díospóidí faoi leas" agus iad siúd a bhain le "himscrúduithe faoi chearta fostaíochta".

Má tá rath le bheith ar an gCoimisiún nua beidh sé riachtanach go ndéanfaidh sé na struchtúir éagsúla sin, na ''cultúir'', na feidhmeanna agus pearsanra na gcomhlachtaí sin a bhfuil traidisiún fada acu a chumasc le chéile. Beidh caidreamh tacúil láidir ag teastáil chuige sin ónár gcliaint in eagraíochtaí ceardchumainn agus fostóirí agus i measc an lucht dlí.

Má tá na seirbhísí nua le comhtháthú agus le cur i bhfeidhm go rathúil beidh ar na ceardchumainn, na fostóirí agus úsáideoirí aonair na seirbhísí sin glacadh leo. Bainfear é seo amach ar bhealach níos rathúla má fheictear go bhfuil an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre ina chomhlacht neamhspleách agus nach bhfuil sé ag fanacht le cinntí beartais nó buiséadacha ó fhoinsí eile ná ag gníomhú mar a bheadh ''Oifig'' as Roinn den Rialtas ann.

Bhí an-rath ar Bhord an Choimisiúin agus iad ag feidhmiú le 22 bliain anuas. Chuir nádúr ionadaíoch agus méid oibriúcháin an Bhoird lear mór taithí, rannpháirtíochta agus fócais straitéisigh ar fáil don milieu sin ina gcuirtear seirbhísí an Choimisiúin i bhfeidhm. Bhí caidreamh oibre dearfach, cuiditheach ag na Boird faoi leith leis na hAirí éagsúla, leis an Roinn, le Comhdháil na gCeardchumann, le IBEC agus le heagraíochtaí ionadaíochta eile. Sheachain sé conspóidí agus aon teip maidir le rialachas corparáideach nó maoirseacht airgeadais. Feictear go bhfuil sé neamhspleách ina fheidhmeanna go léir agus ar an ábhar sín tuigtear go bhfuil sé macánta, inchreidte agus neodrach.

Chuir an Bord go leor tionscnamh suntasach i gcrích i gcaitheamh na mblianta, tá cáipéisí éagsúla faoi bheartas straitéiseach foilsithe aige agus bhí sé i mbun taighde i gcónaí a bhí ''feidhmeach agus spriocdhírithe'' i gcomhair le príomhinstitiúidí Ollscoile faoi nithe a bhain le caidreamh tionsclaíoch, le bainistiú acmhainní daonna agus leis an dlí fostaíochta. Ba cheart an obair sin a chosaint má tá an Coimisiún le leanúint ar aghaidh chun creat a sholáthar le haghaidh foirmiú beartais sa todhchaí agus chun comhairle neamhspleách a sholáthar do na Comhpháirtithe Sóisialta agus don Rialtas.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a chuir an tAire, Richard Bruton, TD agus Ard-Rúnaí na Roinne, Seán Ó Murchú agus a fhoireann ar fáil. Thacaigh siad i gcónaí le hiarrachtaí an Choimisiúin.

Leanann Foireann an Choimisiúin ar aghaidh ag obair chomh dian dícheallach is a d'oibrigh siad riamh - ó na daoine a bhíonn ag obair inár bhfoireann fáiltithe go dtí na daoine a oibríonn i ngach ceann dár seirbhísí.

Ba mhaith leis an mBord ag an am seo go háirithe, aitheantas a thabhairt d'obair an Phríomhfheidhmeannaigh, Kieran Mulvey agus go speisialta don tiomantas gan staonadh a thug Stiúrthóirí na Seirbhísí - Kevin Foley, Freda Nolan agus Anna Perry - d'obair an Choimisiúin.

Bhíodh Eddie Nolan ina Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus mar Rúnaí an Bhoird sular ghlac sé post mar Oifigeach Airgeadais sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i Mí an Mheithimh 2012. Chuaigh an tOifigeach Sinsearach Caidrimh Tionsclaíoch, John Fallon, agus an Coimisinéir um Chearta, Michael Rooney, ar scor go déanach in 2012. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo, thar ceann an Bhoird, as a gcuid seirbhíse den scoth agus as a dtiomantas i gcaitheamh na mblianta agus gach rath a ghuí orthu sa todhchaí.



**Breege O'Donoghue**
*Cathaoirleach*
Iúil 2013

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 2012



Bhí an-tionchar go deo ag blianta beaga anuas ar pholaitíocht na hÉireann agus ar an ngeilleagar i gcoitinne. Bhí Éire ar cheann de na tíortha a d'fhulaing na hiarmhairtí fioscacha ba mheasa i rith an chúlú airgeadais agus eacnamaíoch reatha.

Cé go bhfuil an "coigeartú airgeadais" ar siúl i gcónaí tá roinnt comharthaí dóchais ann go gcuirfear deireadh in 2014 / 15 le clár fóirithinte an AE, an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus leis na téarmaí a leagadar síos faoi chomhaontú an "Troika".

Má tharlaíonn sé sin bainfidh an Stát amach ceannasacht eacnamaíoch arís faoi 2016 nó fiú níos luaithe. Ní chiallaíonn sé seo, áfach, go gcuirfear deireadh leis na bearta achrannacha fioscacha agus buiséadacha. A mhalairt ar fad a tharlóidh. Chomh luath agus a fhillfidh Éire ar na margaí chun a spriocanna maidir le hiasachtaí a bhaint amach, cuirfear leagan amach domhanda a bheidh níos trédhearcaí i bhfeidhm ar bheartais an Stáit agus ar na straitéisí a ghlacfaidh sé agus é ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar chaiteachas poiblí agus ar riachtanais phá agus phinsin agus chun dlús a chur faoi fhostaíocht agus faoi fhás eacnamaíoch an mhargaidh inmheánaigh agus maoiniú a sholáthar don obair sin go léir.

Táthar ag súil go mbeidh sé de thoradh ar na híobairtí atá á ndéanamh anois i dtréimhse seo na déine go mbeidh beartais bhuiséadacha ann ó 2016 ar aghaidh a bheith níos dearfaí, níos neamhurchóidí agus níos rialaithe agus go seachnófar feasta na tubaistí eacnamaíochta náisiúnta a tharla in 2008 agus in 2009.

Chuige sin beidh sé riachtanach maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidfear an t-airgeadas poiblí agus caithfear glacadh le geilleagar fiontar náisiúnta agus ilnáisiúnta in Éirinn a bheidh níos iomaíche. Tugann na treochtaí maidir le baint amach na gcuspóirí sin le tuiscint go bhfuil ionchas níos dearfaí ann anois maidir le geilleagar na tíre.

Níor scaradh riamh de dhéine ná de thréithe bunúsacha na cómhargála ó 2008 i leith. Leanadh ar aghaidh leis ar bhonn deonach agus le cur chuige nach nglacfadh le seafóid ar bith chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim shóisialta agus eacnamaíoch atá sa tír, agus baineadh leas as an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais, as an gCúirt Oibreachais agus as na comhlachtaí reachtúla cuí chun díospóidí a réiteach. Rinneadh athruithe suntasacha de thoradh idirbheartaíochtaí i ngach ceann dár n-earnálacha fiontraíochta móra, lena n-áirítear déantúsaíocht, seirbhísí, IT, cógascheimiceán, agus aonáin thráchtála Stáit (RTE, An Post, BSL, Bord Gáis, ÚABÁC agus Iompar Poiblí) agus rinneadh coigeartú fada an-radacach ar ár seirbhísí airgeadais, ar na cumainn foirgníochta, ar na hinstitiúidí creidmheasa agus ar an earnáil baincéireachta.

Thug athnuachan "Prótacail Náisiúnta IBEC agus Chomhdháil na gCeardchumann um Iompar Ordúil maidir le Caidreamh Tionsclaíoch agus Margáintíocht Áitiúil san Earnáil Phríobháideach" i mí Dheireadh Fómhair 2012 cúnamh ar leith don earnáil phríobháideach.

Rinneadh comhaontú faoin bPrótacal seo, den chéad uair in 2010. Tugtha cothrom le dáta é ina dhiaidh sin agus beidh sé fós i bhfeidhm go deireadh na bliana 2013. Léiríonn sé go bhfuil eagraíochtaí ionadaíocha náisiúnta ár bhfostóirí agus ár gceardchumann araon tiomanta do thacú le síocháin agus cobhsaíocht tionsclaíoch.

Sampla suntasach daingean den chaoi ar cuireadh an "Prótacal" i ngníomh ab ea an chabhair a thug IBEC agus Comhdháil na gCeardchumann chun aghaidh a thabhairt ar chás casta an-achrannach caidrimh thionscail in Aer Lingus agus ÚABÁC maidir le nithe a bhain le Scéim Aoisliúntas Aerlínte na hÉireann agus ghlac an Coimisiún agus an Chúirt Oibreachais páirt ag iarraidh teacht ar réiteach.

Rinneadh éascú ar atheagrú mór, ar choigeartuithe costais, ar laghduithe pá agus pinsean inár seirbhísí poiblí a bhíonn ag déileáil le cúrsaí Sláinte, Oideachais, agus Slándála agus sna hÚdaráis Áitiúla, sna Gníomhaireachtaí Stáit agus i measc lucht Riaracháin Phoiblí trí chaibidlíocht agus trí bhailchríoch dheonach a chur ar chomhaontuithe deacra cómhargála náisiúnta mar a léiríodh i gComhaontú Pháirc an Chrócaigh (2010 - 2014) agus anois i gComhaontú nua Bóthar Haddington (2013 - 2016).

Is trí chomhairliúchán, idirbheartaíocht agus comhaontú idir na páirtithe a baineadh amach gach ceann acu sin agus léiríonn sé ardleibhéal na ceannaireachta atá le fáil in eagraíochtaí polaitiúla, i gceardchumainn agus in eagraíochtaí bainistíochta na seirbhíse poiblí agus iad ag dul i ngleic le himpleachtaí an lag trá eacnamaíochta atá ann faoi láthair agus an tionchar an-mhór a bhí aige ar sheirbhísí poiblí, ar bhuiséid agus ar chúrsaí pá agus pinsean.

Thacaigh an chaibidlíocht sin chun tréimhse chobhsaithe caidreamh tionsclaíoch a chur ar fáil, agus is beag aga neamhfhónaimh a bhí ann i bhfiontair ná i seirbhísí agus bhí tréimhse leanúnach fíor-riachtanach síochána ann i gcúrsaí tionsclaíocha.

Is féidir é sin a chur i gcomparáid le tíortha eile san Aontas Eorpach a raibh na deacrachtaí buiséadacha, fostaíochta agus trádála acu a bhí lán chomh suntasach leis na deacrachtaí a bhí againne ach go raibh agóidí polaitiúla agus corraíl thionsclaíoch le sonrú ina gcúrsaí polaitiúla agus tionsclaíocha.

Níl amhras ar bith ann ach go dtiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim reatha. Mar sin féin ceann de na ceisteanna tábhachtacha a chuirfidh daoine a bhíonn ag plé le caidreamh tionsclaíoch agus le hacmhainní daonna is ea conas ar éirigh linn, ós ''comhghuaillíocht leasanna éagsúla'' muid, teacht slán tríd an stoirm agus cibé an bhfuil modhanna nua foghlamtha againn trínar féidir linn feabhas a chur ar rannpháirtíocht ár bhfostaithe agus ar ár struchtúir mhargála amach anseo?

Rinne an Coimisiún doiciméadú, sa taighde tábhachtach, úrscothach a d'fhoilsigh sé ''Human Resource in the Recession: Managing and Representing People at Work in Ireland'', ar an tionchar sin agus chuir sé tús leis an díospóireacht.


Ní féidir athruithe a sheachaint ach ba cheart go gcuirfeadh sé sin iallach orainn ath-mheasúnú a dhéanamh ar na ceachtanna luachmhara a d'fhoghlaimíomar agus iad a chur in oiriúint don ionad oibre atá ag athrú in Éirinn agus do na riachtanais atá ag fostaithe agus ag fostóirí faoi láthair agus do na riachtanais a bheidh acu amach anseo.

Mar fhocail scoir, nuair a bheidh an bhliain féilire 2013 buailte linn, beidh dul chun cinn mór déanta ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le baint amach na sprice a bhí aige maidir le cruthú seirbhíse de scoth an domhain chun díospóidí a réiteach - ''An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre''.

Ábhar bróin faoi leith domsa mar Phríomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais ó bunaíodh é i mí Eanáir 1991 go gcuirfear deireadh leis an mbranda corparáideach atá ann faoi láthair. Measaim gur éirigh go maith leis le 22 bliain anuas ag freastal ar leasanna fostóirí agus ceardchumann araon agus gurbh é leas ab fhearr gach ceann dár gcliaint a bhí i gcroílár ár seirbhísí agus ár ngníomhaíochtaí go léir - Seirbhísí Comhairleacha, Idir-réitithe agus Cearta.

Measann an pobal na tíre gurb ionann an ''Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais'' agus réiteach rathúil díospóide.

Tá sé thar a bheith tábhachtach nach gcaillfear croí lárnach ná feidhmiúlacht na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn faoi láthair nuair a cheapfar an t-eintiteas nua reachtúil atá beartaithe (Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre). Léirigh siad sin a bhfiúntas arís is arís eile. Tá sé riachtanach go gcoinneoimid ár dtaithí chorparáideach agus ár saineolas i gcroílár gach a dhéanfaimid mar aon leis an gcoincheap atá againn faoi sheirbhís riachtanach phoiblí. Tá sé curtha in iúl go soiléir gan aon athbhrí ag an Aire, Richard Bruton, TD, go bhfuil rún dlíthiúil agus polaitiúil aige a chinntiú go gcoinneofar na luachanna lárnacha sin in aon Choimisiún amach anseo agus go mbeidh cómhargáil, réiteach cearta fostaíochta agus rannpháirtíocht réamhghníomhach fostóirí agus fostaithe i gcroílár a bhfuil beartaithe aige.



**Kieran Mulvey**
*Príomhfheidhmeannach*
Iúil 2013



# Caibidil 1

## Forbairtí Suntasacha in 2012

### 2012: Athbhreithniú ar Chaidreamh Tionsclaíoch agus Forbairtí Gaolmhara

Bhí drochthionchar fós ag géarchéim thromchúiseach airgeadais agus eacnamaíoch na tíre ar chaidreamh tionsclaíoch in 2012. Bhí go leor oibrithe dífhostaithe nó bhí a ndálaí oibre ag dul in olcais, cé go raibh an chosúlacht ann go raibh feabhas measartha le sonrú i socruithe pá a bhí nasctha le táirgiúlacht in earnálacha ar leith san earnáil phríobháideach. Leanadh ar aghaidh sa tseirbhís phoiblí le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí (2010-2014) - a dtugtar 'Comhaontú Pháirc an Chrócaigh' air sa chaoi go raibh coigiltis shuntasacha ag an Státchiste. Mar sin féin, thug an Rialtas le fios go déanach in 2012 do cheardchumainn na seirbhíse poiblí go mbeadh orthu €1 billiún breise a bhaint de chostais phárolla faoi dheireadh na bliana 2015 d'fhonn spriocanna an 'Troika' (an Banc Ceannais Eorpach, an AE agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta) a bhaint amach. Cuireadh tús le cainteanna ullmhúcháin faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais i mí na Nollag, d'fhonn síneadh a chur le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh go luath in 2013. Lena chois sin rinneadh roinnt forbairtí tábhachtacha reachtacha, mar shampla an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012, agus leanadh ar aghaidh leis an obair maidir le Coimisiún nua um Chaidreamh san Ionad Oibre.

## Forbairtí Polaitiúla agus Eacnamaíocha

Tasc ríthábhachtach ag an Rialtas, faoi stiúir an Taoisigh, Enda Kenny, ab ea a chinntiú go nglacfaí leis an gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach i reifreann in 2012 (Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta). Glacadh leis le tromlach 60.3% in aghaidh 39.7%). Is é toradh an Chonartha ná go neartófar na rialacha a ceapadh lena chinntiú go gcoinneoidh rialtais cothromaíocht idir a n-ioncaim agus a gcaiteachas. Chruthaigh sé sin timpeallacht ríthábhachtach maidir le caiteachas sa tseirbhís phoiblí i gcomhthéacs Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

*(Ba cheart a thabhairt faoi deara gur baineadh amach i mí Feabhra 2013 ceann de na príomhspriocanna a bhí ag an Rialtas i rith an téarma go léir a raibh sé in oifig, nuair a cuireadh ar a chumas luach €28 billiún de nótaí gealltanais ard-úis, a úsáideadh chun an Banc Angla-Éireannach (ar a dtugtar an IBRC anois) a tharrtháil in 2009 a mhalartú ar fhiachas fad-téarmach rialtais. B'fhéidir go gcabhróidh sé seo chun éascú a dhéanamh ar chúrsaí buiséadaithe an Rialtais ag deireadh na bliana 2013 (is é sin le rá, i mBuiséad na mbliana 2014) trí suas le €1 billiún a sholáthar).*

## Na Comhpháirtithe Sóisialta

Lean comhrialtas Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre ar aghaidh lena bheartas maidir le caidreamh dépháirteach a bheith acu leis an dá phríomh-chomhpháirtí sóisialta, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU). Caidreamh trípháirteach a bhíodh ann i gcónaí ó thaobh comhaontuithe leis na chomhpháirtithe sóisialta sa tréimhse ó 1987 go dtí deireadh na bliana 2009, ach chuaigh an modh sin chun deacrachtaí a réiteach sa chaidreamh idir an rialtas, ceardchumainn agus fostóirí as faisean i gcaitheamh 2012 agus is cosúil nach dócha go ndéanfar é a athbheochan sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma.

Mar sin féin, thug go leor breathnóirí le fios maidir le 'Comhaontú Pháirc an Chrócaigh', a chlúdaigh an tseirbhís phoiblí (féach thuas) agus an earnáil phríobháideach in 2010 go mba 'phrótacal' deonach a bhí ann a raibh foráil ann maidir le modhanna iompair agus nósanna imeachta roghnaithe maidir le cómhargáil, agus go mba oidhreacht ó chur chuige na comhpháirtíochta sóisialta a bhí ann. Freagraí pragmatacha iad araon ar an ngéarchéim: measann daoine a thacaíonn le socrú Pháirc an Chrócaigh gur córas é a chuireann ar chumas ceardchumainn ionchur a bheith aige i gcomhthéacs cinnidh an Rialtais chun costais phárolla a laghdú; Is éard atá i bprótacal na hearnála príobháidí ná córas deonach praiticiúil chun éilimh phá a bhainistiú nuair a dhéantar iad

## Comhaontuithe Comhchoiteanna

**An tSeirbhís Phoiblí:** Maidir leis an tseirbhís phoiblí bhí sé i gceist le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh nach mbeadh aon ardú pá ann ar feadh ceithre bliana, agus dhearbhaigh an Rialtas nach gcuirfeadh siad socruithe éigeantacha iomarcaíochta i bhfeidhm. Mar mhalairt air sin, ghlac na ceardchumainn le clár chun athrú ó bhun a dhéanamh ar an státseirbhís trína bhfuiltear ag súil le feabhsuithe móra táirgiúlachta agus le héifeachtúlachtaí móra, chomh maith le tiomantas leathan chun síocháin thionsclaíoch a choimeád ar siúl.

Thug Comhlacht Forfheidhmithe Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, a ceapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chomhaontaithe, le fios go ndearnadh coigiltis phárolla agus neamh-phárolla arbh fhiú €891 milliún iad le linn dara bliain an chomhaontaithe (ó Mheitheamh 2011 go Meitheamh 2012), mar bharr ar na coigiltis arbh fhiú €597 milliún iad sa chéad bhliain. Ciallaíonn sé sin go ndearnadh €1.49 billiún a choigilt i gcaitheamh an chéad dá bhliain.

Tá na coigiltis a tuairiscíodh faoi chúrsaí pá faoin gComhaontú bunaithe ar an meánchoigilteas bliantúil in

aghaidh an fhostaí a eascraíonn as an laghdú atá déanta ar líon na foirne ar fud na seirbhíse poiblí le linn na tréimhse athbhreithnithe ábhartha chomh maith le laghduithe eile i gcostais phárolla na seirbhíse poiblí.

Dúirt an Comhlacht Forfheidhmithe gur sháraigh an laghdú ar líon na foirne sa tseirbhís phoiblí "an sprioc bunaidh maidir le laghdú 25,000 duine faoi 2014 a bhí leagtha síos sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta agus go bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go mbainfear amach an sprioc nua maidir le laghdú 37,000 duine a bhaint amach faoi 2015".

Bhréagnaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go tréan na líomhaintí a rinneadh i roinnt asraonta de chuid na meán cumarsáide go raibh áibhéil déanta ag an gComhlacht Forfheidhmithe maidir le coigiltis a rinneadh faoin gComhaontú. Dúirt an Roinn go bhfuil na tuarascálacha coigiltis mheasta ó gach Roinn "á bhfíorú ag Ard-Rúnaí gach Roinne mar oifigeach cuntasaíochta". Ina theannta sin, tá cuntasóirí seachtracha (Grant Thornton) fostaithe ag an gComhlacht Forfheidhmithe chun meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar shamplaí de choigilteas tuairiscithe.

Idir an dá linn, cuireadh na hathruithe maidir le bandaí na bpinsean stáit i bhfeidhm i Meán Fómhair 2012 i gcás daoine nua atá ag teacht isteach sa státseirbhís. Tá sé beartaithe gluaiseacht i dtreo cur chuige bunaithe ar 'ranníocaíochtaí iomlána' maidir le cáilitheacht i gcomhair pinsin Stáit. Táthar ag súil an córas sin a thabhairt isteach in 2020 le cur in áit an chórais mheánaithe atá ann faoi láthair. Cinnteoidh na leasuithe sin go mbeidh leibhéal an phinsin a íocfar i gcomhréir go díreach le líon na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a dhéanfaidh duine i gcaitheamh a s(h)aoil oibre.

**An Earnáil Phríobháideach:** Níl aon chomhaontú comhchoiteann náisiúnta ann faoi láthair a rialaíonn pá san earnáil phríobháideach, d'ainneoin comhaontú deonach faoi phrótacal na hearnála príobháidí.

Dar le suirbhé de chuid IBEC ní raibh aon arduithe pá á dtabhairt fós ag formhór na ngnólachtaí san earnáil phríobháideach agus go raibh sé ar intinn ag mionlach beag acu pá a laghdú, ach gur mheas thart ar 25% acu go mbeadh siad in ann ardú pá de chineál éigin a thabhairt in 2012. I gcás inar tugadh arduithe pá, agus tharla sé sin den chuid is mó san earnáil onnmhairithe, ba é thart ar 2% meánfhigiúr na n-arduithe. Tríd is tríd, bhí fostóirí oilte, glic maidir le coinníollacha a leagadh síos ina gcomhaontaithe pá chun táirgiúlacht a mhéadú.

Is é SIPTU an ceardchumann is mó d'oibrithe san earnáil phríobháideach agus dúirt siad gurb é an sprioc a bhí acu ná ardú pá 2% ar an meán in aghaidh na bliana a bhaint amach in earnálacha éagsúla.

## Modhanna um Shocrú Pá

Chuir an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012, creat dlíthiúil nua ar fáil chun cúrsaí pá earnála a shocrú. Leag sé síos rialacha nua maidir le bunú agus le nuashonrú Orduithe Rialaithe Fostaíochta agus Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe, trínar féidir pá agus dálaí ceangailteacha, íosta a leagan síos in earnálacha ina bhfuil suas le 300,000 oibrí fostaithe.

Bhí an reachtaíocht riachtanach ar dhá chúis: ar an gcéad dul síos, scrios rialú na hArd-Chúirte i mí Iúil 2011 amach na hOrduithe Rialaithe Fostaíochta a bhí ann roimhe sin toisc iad a bheith míbhunreachtúil, agus ar an dara dul síos, leag 'Troika' an AE, an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus an CAI síos mar choinníoll ina gclár fóirithinte d'Éirinn go ndéanfaí athbhreithniú ar na bealaí sin chun pá earnála a shocrú.

## Comhaontuithe ar Leibhéal Earnála

Bhí foráil maidir le ciorruithe pá idir 5-10% a bhí infhorghníomhaithe le dlí i gComhaontú Fostaíochta Cláraithe don Earnáil Leictreachais. Ach ní raibh sé cláraithe fós ag deireadh na bliana, rud a bhí riachtanach sula mbeadh sé infhorghníomhaithe le dlí.

Cuireadh bailchríoch ar Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe infhorghníomhaithe le dlí le SIPTU sa tionscal glanta ar chonradh ina bhfuil 25,000 oibrí. Bhí sé sin ar cheann de na comhaontaithe deireanacha a rinneadh faoin sean-reachtaíocht. Rialaigh sé gur cheart go mbeadh an pá agus na dálaí oibre céanna acu a bhíodh i bhfeidhm faoi Ordú Rialaithe Fostaíochta roimhe sin ach a bhí scriosta amach san Ard-Chúirt. Bhí feidhm ag an gComhaontú sin ar feadh tréimhse teoranta réamhshocraithe ama a mhairfeadh sé mhí, idir mí Feabhra agus mí Lúnasa 2012, agus chuaigh sé in éag gan athnuachan ansin. Rinneadh comhaontú faoi Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe cosúil leis i ndiaidh mhí Lúnasa ach ní raibh sé cláraithe fós ag deireadh na bliana 2012.

Rinne na comhpháirtithe sóisialta in earnáil an tionscail ghardála agus slándála socrú faoi Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe don earnáil sin. Chuir sé sin deireadh le ráta pá níos ísle ar leithligh d'oibrithe nua, ach laghdaigh sé na leibhéil maidir le pá ragoibre agus íocaíochtaí préimhe a bhí iníoctha. Ní raibh an comhaontú cláraithe fós ag deireadh na bliana 2012.

## Príomh-chomhaontuithe ar an Leibhéal Áitiúil

An Garda Síochána: Rinneadh comhaontú cuimsitheach faoi amanna oibre chomh maith le huainchláir nua don Gharda Síochána a thugann éifeacht do Threoir an AE faoi Amanna Oibre. Comhaontaíodh é ar bhonn píolótach in idirbheartaíocht dhíreach idir lucht bainistíochta an Gharda Síochána agus ceithre chomhlacht ionadaíocha. Gné lárnach den chomhaontú is ea an chaoi a bhfuil sé ar aon dul leis an leagan amach is déanaí maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Is léir freisin ón gcéad athrú seo ar uainchláir an fhórsa póilíneachta le beagnach 40 bliain an chaoi ar féidir athrú agus athchóiriú a dhéanamh faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

BSL: Fóntas stáit is ea an BSL agus léiríodh i bplean 5-bliana um laghdú costais an chaoi a d'fhéadfaí €140m a spáráil trí chosc leanúnach a choinneáil ar arduithe pá agus trí athruithe a dhéanamh ar na socruithe maidir le brabús a roinnt agus ar íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht, agus trí rátaí liúntas, ragoibre agus cothaithe níos ísle a bheith acu. Bhí plean téarfa deonach san áireamh sa chomhaontú a raibh sé i gceist go gcuimseodh sé cuid mhór den sprioc iomlán maidir le coigiltis. Bhí córas comhghlasáilte uathúil san áireamh chomh maith sa chomhaontú sa chaoi dá dteipfeadh ar aon cheann d'aonaid ghnó na cuideachta sprioc choigiltis ar leith a bhaint amach go mbeadh sé riachtanach orthu teacht ar chomhaontú chun an scéal a réiteach. Ina éagmais sin, bheadh sé riachtanach na coigiltis a bhaint amach trí bhíthin cinnidh ceangailteach ó Chomhchomhairle Thionscail an BSL.

Coillte: Rinneadh comhaontú maidir le hathrú a raibh sé d'aidhm aige deireadh a chur le pá incriminteach agus le struchtúir ghrádaithe ordlathacha i gcuideachta foraoiseachta an stáit, Coillte. Bhí an comhaontú le clárú sa Chúirt Oibreachais. Clúdaíonn sé thart ar 300 oibrí gairmiúil oifige de chuid IMPACT ar fud na cuideachta. Bhíodh cúrsaí pá i gCoillte nasctha ar feadh na mblianta le rátaí pá na seirbhíse poiblí, agus d'íoctaí incrimintí i gcomhréir le nósanna imeachta na seirbhíse sin.

## Treochtaí maidir le Pá Iomarcaíochta

Is le suirbhé a rinneadh in 2012 a fuarthas an chéad léargas soiléir ar conas atá cúrsaí maidir le híocaíochtaí feabhsuithe iomarcaíochta ó thosaigh an cúlú reatha in 2008. Ba é conclúid na n-údar, Brian Sheehan agus Colman Higgins ón Nuacht faoi Chaidreamh Tionscail, go mba chúis iontais é mura mbeadh tionchar ag an ngéarchéim ar na socruithe iomarcaíochta a bhí ag méadú de réir a chéile sna blianta sin ina raibh borradh faoin 'Tíogar Ceilteach' idir lár na 1990í agus 2007. Mar sin féin, thug siad le fios ina dtuarascáil (Redundancy Settlements in the Crisis, 2008-2012) nach raibh na hathruithe céanna le sonrú maidir le leibhéal feabhsaithe iomarcaíochta ó thosaigh an cúlú eacnamaíoch.

Fuarthas amach sa suirbhé go raibh brú anuas le sonrú ar íocaíochtaí sna réimsí sin a bhfuil nasc díreach nó indíreach acu leis an stát, go háirithe: an tseirbhís phoiblí dhíreach, comhlachtaí tráchtála stát-tionscanta; bainc a bhíodh faoi úinéireacht phríobháideach roimhe seo ach atá beagnach go hiomlán faoi úinéireacht an stáit nó ag brath ar an stát anois.

Leag an Roinn Airgeadais síos thar ceann an Rialtais dianleibhéal uachtarach maidir le pá iomarcaíochta a mbeadh feidhm leis feasta in earnáil na baincéireachta atá ag brath ar an Stát. Chuir sé sin deireadh leis na socruithe móra téarfa a bhíodh ag bainc mhóra mar an AIB agus Banc na hÉireann. Níor mhór na téarmaí iomarcaíochta a dheonófaí do na mílte oibrithe banc a bheith ar aon dul leis na téarmaí bunúsacha a bhí á dtairiscint d'oibrithe FSS go déanach in 2010: trí seachtaine pá do gach bliain seirbhíse, móide teidlíocht reachtúil.

I gcás na hearnála príobháidí, díríodh den chuid ba mhó sa suirbhé ar ghnólachtaí a raibh a gcuid fostaithe ina mbaill de cheardchumainn, cé go raibh roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta, ollmhóra, suntasacha mar Intel agus Dell san áireamh nach raibh a gcuid fostaithe ina mbaill de cheardchumainn. Tháinig an laghdú ba mhó ar na híocaíochtaí teasctha sna háiteanna sin a raibh an tionchar ba mheasa ag an ngéarchéim orthu dar leis an suirbhé. Bhí na socruithe ab airde san earnáil phríobháideach le sonrú i measc déantúsóirí cógaisíochta agus feistí liachta.

## Athruithe reachtacha

Foilsíodh an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 tar éis gur theip ar na comhpháirtithe sóisialta teacht ar chomhaontú a dhíolmhódh oibrithe gníomhaireachtaí ar thascanna níos giorra ó fhorálacha cóir chomhionann na Treorach ón AE ón gcéad lá riamh. Dá bhrí sin, b'éigean d'Éirinn glacadh leis na forálacha réamhshocraithe atá sa Treoir. Chuir an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012, creat dlíthiúil nua ar fáil chun cúrsaí pá in earnálacha a shocrú agus chun nuashonrú a dhéanamh ar Orduithe Rialaithe Fostaíochta agus ar Chomhaontuithe Fostaíochta Cláraithe trínar féidir pá agus coinníollacha íosta, ceangailteacha a leagan síos in earnálacha pá íseal. Is féidir le fostóirí díolúintí a éileamh faoi na forálacha nua ar an ábhar nach bhfuil siad in ann an pá a íoc.

Fógraíodh Bille nua um Shaoire Teaghlaigh i mí na Nollag 2012 agus trasuífidh ábhar substaintiúil an Bhille sin Treoir an AE um Shaoire do Thuismitheoirí 2010 isteach i ndlí náisiúnta na hÉireann, ach lena chois sin déanfaidh sé comhdhlúthú in aon reacht amháin ar an reachtaíocht eile atá ann cheana féin maidir le saoire teaghlaigh, mar shampla saoire mháithreachais, saoire thuismitheoirí, saoire chúramóirí agus saoire uchtála.

## Cómhargáil

Bhí saincheist na cómhargála ina cnámh spairne an-achrannach fós in 2012. Gheall an comhrialtas go gcuirfidís cearta nua i bhfeidhm maidir le dul i mbun cómhargála i ndiaidh rialú a rinne an Chúirt Uachtarach i gcás 'Ryanair' in 2007 agus ar mhaígh na ceardchumainn gur chuir sé bac lena gcumas leas a bhaint as na hAchtanna Caidrimh Thionscail (2001 agus 2004). Rialaíonn na hAchtanna nósanna imeachta maidir le cearta ionadaíochta ceardchumainn i gcás ball ceardchumainn sna hionaid oibre sin nach bhfuil ceardchumainn eagraithe iontu.

D'fhógair Rialtas Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre an méid seo a leanas ina gClár comhpháirteach don Rialtas:

"Déanfaimid leasú ar an dlí atá ann faoi láthair maidir le ceart na bhfostaithe dul i mbun cómhargála (an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2001), d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Stát na breithiúnais a thug an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine le déanaí."

D'iarr an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, TD go foirmiúil in 2012 go seolfaí aighneachtaí chuige maidir le próiseas comhairleach faoi reachtaíocht

maidir le cómhargáil, faoi mar a gealladh sa Chlár Comhpháirteach. Ba é deireadh mhí Feabhra 2013 an spriocdháta a leagadh síos chun aighneachtaí a dhéanamh. Bhíothas ag súil go bhforbrófaí Bille faoi lár na bliana 2013 le go bhféadfaí é a achtú faoi dheireadh na bliana. Bliain an an-suntasach í an bhliain sin dar le lucht na gceardchumann toisc gurb í sin cothrom céad bliain fhrithdhúnadh 1913.

## Gníomhaíocht thionsclaíoch agus cineálacha eile agóide

Bhí leibhéal na gcoimhlintí tionsclaíocha oifigiúla an-íseal in 2012. Léiríonn sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh nár cailleadh ach 8,486 lá in 2012 i gcúig aighneas thionsclaíocha (féach leathanach 16). Is féidir an figiúr sin a chur i gcomparáid leis an 3,695 lá a cailleadh sa bhliain 2011 in 8 ndíospóid. Tugann sé sin le tuiscint, in ainneoin gur tháinig deireadh le comhpháirtíocht shóisialta in 2009, go bhfuil na leibhéil ísle céanna maidir le hachrainn thionsclaíocha fós ann, go mór mór san earnáil phríobháideach, is a bhíodh le deich mbliana anuas nó mar sin.

Ní thugann na figiúirí oifigiúla léargas iomlán dúinn, áfach, ar choimhlintí san ionad oibre. Tá líon na ndíospóidí a chuirtear faoi bhráid na gcomhlachtaí éagsúla Stáit um réitithe díospóidí ag dul i méid i gcónaí, rud a léiríonn, b'fhéidir nach bhfuil deireadh tagtha le coimhlintí san ionad oibre - ach go bhfuil siad gafa níos mó is níos mó ag institiúidí agus ag nósanna imeachta, chomh maith le bheith níos indibhidiúlaithe.

Ní áirítear sna figiúirí, mar shampla, na bearta fada agóide ag Vita Cortex ná ag Lagan Brick, ar an ábhar nár cailleadh aon lá oibre dá mbarr toisc go raibh na gléasraí sin dúnta cheana féin. Ní thaifeadtar díospóidí den sórt sin sna staitisticí oifigiúla faoi dhíospóidí ach tá siad tar éis éirí níos forleithne ó thosaigh an cúlú eacnamaíoch.

Ní mór a rá faoin díospóid ag Vita Cortex - áit a raibh na hoibrithe ag lorg níos mó airgid téarfa - gur tharraing sé mórchuid díospóireachta, agus go ndúirt an Taoiseach, Enda Kenny, faoi: ''Tá dínit ollmhór agus an-mhisneach léirithe ag na hoibrithe le linn a bhfeachtas a mhair beagnach 20 seachtain''. Bhí iarchomhaltaí foirne Vita Cortex ina n-aíonna speisialta ag chéad mhórthaispeántas ag an 57ú Féile Scannán Chorcaí de chlár faisnéise dar teideal '161 Days' faoina n-agóid.

Tá sé tábhachtach a rá freisin i bhfianaise na géarchéime eacnamaíche, nach raibh aon léirsithe móra ann i rith 2012, i gcomparáid le hagóid shíochánta phoiblí a bhí ag ceardchumainn na seirbhíse poiblí in 2009 toisc gur cuireadh tobhach pinsin i bhfeidhm san earnáil phoiblí agus an agóid mhór a d'eagraigh Comhdháil na gCeardchumann in 2010.

## Fostaíocht

Mar chuid níos leithne de 'phlean gníomhaíochta le haghaidh jabanna 2012', lean an Rialtas ar aghaidh in 2012 lena Scéim Náisiúnta Intéirneachta, trínar cuireadh 5,000 socrúchán ar fáil le go bhfaigheadh daoine taithí oibre sna hearnálacha poiblí, deonacha agus príobháideacha. Cuireann an scéim socrúcháin ar fáil i gcomhair taithí oibre d'intéirnigh ar feadh tréimhsí idir 6 agus 9 mí. Íoctar liúntas €50 in aghaidh na seachtaine le cois na teidlíochta reatha leasa shóisialaigh atá iníoctha ar feadh tréimhse na hintéirneachta.

Tá an Scéim Náisiúnta Intéirneachta (NIS) dírithe ar chéimithe agus catagóirí eile daoine ar daoine óga iad den chuid is mó nach bhfuil i mbun Oideachais, Fostaíochta ná Oiliúna agus tá sé leagtha amach chun 'droichead isteach san obair' a sholáthar do lucht cuardaigh fostaíochta trí dheiseanna a thabhairt dóibh cur lena gcuid scileanna reatha agus cinn nua a fhorbairt. Ní mór do dhaoine ar mian leo cur isteach ar an scéim a bheith ar Bheochlár na nDaoine Dífhostaithe agus Liúntas nó Sochar Lucht Cuardaigh Fostaíochta a bheith á fháil acu nó a bheith ag síniú le haghaidh creidmheasanna ar feadh 3 mhí ar a laghad.

I gcomhthéacs níos leithne, leanadh ar aghaidh le mór-athchóiriú scéimeanna gníomhachtaithe an mhargaidh

oibre in 2012 de thoradh moltaí a rinne 'Troika' an AE, an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta in 2010 gur ghá athruithe bunúsacha a dhéanamh chun comhordú níos fearr a chinntiú agus chun comhdhlúthú a dhéanamh ar bheartais sa réimse seo.

Thosaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí ina dhiaidh sin ag cur tionscnamh mór struchtúrach i bhfeidhm chun an margadh saothair a ghníomhachtú. Ba é FÁS an ghníomhaireacht náisiúnta fostaíochta agus oiliúna an Stáit agus ó tá sé sin le scor tá an Roinn ag glacadh chuici féin na seirbhísí fostaíochta sin a bhíodh ag rannán amháin de FÁS. Leasú mór is ea é sin agus meastar go bhfuil sé lánriachtanach chun an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochta a chur ar fáil trína dtabharfar ainm agus branda nua ar sheanoifigí an 'dóil' nó na 'malartuithe fostaíochta' mar a thugtaí orthu. Glacfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna chuici féin na gnéithe oiliúna sin a bhíodh ar siúl ag FÁS, agus oibreoidh sí i ndlúth-chomhpháirtíocht 16 choiste laghdaithe réigiúnacha oideachais ar a dtabharfar Boird Áitiúla Oideachais agus Oiliúna.

## Treochtaí maidir le Laghdú Costas

Chreidtí go forleathan go dtugadh margadh saothair na hÉireann freagra uathúil dá chuid féin ar laghduithe pá seachas laghduithe fostaíochta ach séanadh é sin scun scan i dtaighde bunaithe ar fhigiúirí faoi thuilleamh a chuir an Príomh-Oifig Staidrimh ar fáil. I roinnt cásanna ba rudaí suntasacha iad laghduithe i meántuilleamh, mar shampla, laghduithe i bpá bunúsach lárnach, nó laghduithe ar leibhéal nó ar rátaí na n-íocaíochtaí préimhe, ragoibre agus liúntas, ach léiríodh sa tuarascáil gurbh annamh a tugadh isteach na laghduithe sin gan laghdú a dhéanamh ar líon na jabanna freisin.

Cuireadh na torthaí i láthair ag cruinniú an Statistical and Social Inquiry Society of Ireland (SSISI) ar 9 Feabhra, 2012 i bpáipéar speisialta a d'ullmhaigh Kieran Walsh, staitisteoir sinsearach sa Phríomh-Oifig Staidrimh. Rinne an tUasal Walsh nuashonrú freisin ar thaighde a bhí déanta roimhe sin, agus a bhí foilsithe freisin ag an CSO i lár 2012. Rinneadh comparáid sa staidéar ar na hathruithe a bhí le sonrú idir chéad trí ráithe na mblianta 2009, 2010 agus 2011, agus thug na figiúirí le fios go raibh na fostóirí ag cloí go daingean leis an nós traidisiúnta maidir le fostaithe a ligean chun siúil chun costais a ghearradh. Bhí sé seo le rá ag Kieran Walsh: ''Is cuma má bhíonn fiontair ag méadú nó ag laghdú a mbillí pá, is annamh a dhéantar é sin gan athrú a dhéanamh ar na líon na ndaoine atá fostaithe.''

## An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre - obair idir lámha

Leanadh ar aghaidh leis an obair maidir le cruthú an Choimisiúin nua um Chaidreamh san Ionad Oibre a bhfuil sé d'aidhm ''seirbhís um chaidreamh san ionad oibre agus creat um chearta fostaíochta de scoth an domhain a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais na bhfostóirí agus na bhfostaithe agus a sholáthróidh an luach is fearr ar airgead.''

Tá sé i gceist struchtúr dhá leibhéal um Chaidreamh san Ionad Oibre a chruthú trí ghníomhaíochtaí an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta agus gníomhaíochtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais mar aon le feidhmeanna an Bhinse Comhionannais agus feidhmeanna céadchéime na Cúirte Oibreachais agus an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chumascadh le chéile i gComhlacht nua Céadchéime - an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre. Ionchorprófar feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc i gCúirt Oibreachais a mhéadófar.

## Foilseachán Comórtha

D'fhoilsigh an Coimisiún chomh maith bailiúchán aistí le saineolaithe éagsúla, a raibh ról díreach acu sa réimse caidrimh fostaíochta nó a rinne tráchtaireacht, measúnú nó anailís ar imeachtaí tábhachtacha agus ar threochtaí - ó bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais in 1991.

Is é 'The Labour Relations Commission: Recalling 21 Years - 1991-2012', an teideal atá air. Ba é Brian Sheehan an t-eagarthóir agus tá ábhar sa leabhar a chuir na

gníomhaithe móra ar fáil, Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin féin (Breege O'Donoghue agus Kieran Mulvey faoi seach), iar-Ard-Stiúrthóir IBEC, Turlough O'Sullivan agus Ard-Rúnaí Cúnta ICTU, Tom Wall.

I measc na ndaoine eile a bhfuil ábhar leo sa leabhar bhí: Ray McGee, iar-Leas-Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais; Niall Saul, comhairleoir Acmhainní Daonna agus iar-Stiúrthóir sinsearach Acmhainní Daonna; an tOllamh Bill Roche ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Declan Morrin an WTO agus Iar-Cheannaire Sheirbhís Chomhairleach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais; Tony Bregazzi, an tIar-Choimisinéir um Chearta; an tOllamh Paul Teague ó Ollscoil na Banríona; Liam Doherty, Comhairleoir Acmhainní Daonna; Marguerite Bolger, Dlíodóir Fostaíochta; agus Ingrid Miley, Comhfhreagraí Tionscail RTÉ. Rinne Stiúrthóir reatha Sheirbhís Chomhairleach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, Freda Nolan, maoirseacht ar an tionscadal.

*(Ní fhoilseofar ach líon teoranta den saothar seo i bhfoirm leabhair ach is féidir leagan inphriontáilte PDF a fháil saor in aisce ó láithreán gréasáin an Choimisiúin).*

## Díospóidí Tionsclaíocha inar tharla stopadh oibre (Díospóidí a bhí ar siúl i gcaitheamh na Bliana)

**Díospóidí Tionsclaíocha ar Siúl (Uimhir) de réir Earnála Eacnamaíche NACE Rev 2 agus de réir Bliana**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht (A) | 0 | .. | .. | .. | .. |
| Tionsclaíocht (B go E) | 3 | 5 | 4 | 1 | 2 |
| Foirgneoireacht (F) | 1 | 1 | .. | 1 | .. |
| Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar (G) | 1 | 4 | 3 | .. | 1 |
| Iompar agus stóráil (H) | 3 | 2 | 2 | 1 | 2 |
| Gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia (I) | 0 | .. | .. | 1 | .. |
| Faisnéis agus cumarsáid (J) | 0 | .. | .. | .. | .. |
| Gníomhaíochtaí airgeadais, árachais agus réadmhaoine (K,L) | 0 | 2 | .. | 1 | .. |
| Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla (M) | 0 | .. | .. | .. | .. |
| Gníomhaíochtaí seirbhísí riaracháin agus tacaíochta (N) | 0 | 1 | 4 | .. | .. |
| Riarachán poiblí agus cosaint, slándáil éigeantach sóisialta (O) | 1 | 4 | .. | 1 | .. |
| Oideachas (P) | 0 | 1 | .. | .. | .. |
| Gníomhaíochtaí maidir le sláinte an duine agus obair shóisialta (Q) | 1 | 4 | 1 | .. | .. |
| Gníomhaíochtaí NACE eile (R go U) | 2 | 1 | .. | 2 | .. |
| Gach earnáil eacnamaíoch NACE | 12 | 23* | 14 | 8 | 5 |

FOINSE: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Éire

** Is in Earnálacha O, P agus Q, a bhí na hoibrithe a raibh baint acu le díospóid Náisiúnta aon lae na Seirbhíse Poiblí agus is sna hearnálacha sin a cailleadh laethanta oibre. Dá bhrí sin, ní chuirfidh líon na ndíospóidí le líon foriomlán na bliana 2009.*

# Athchóiriú Caidrimh san Ionad Oibre



## Réamhrá

Tá sé i gceist ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Richard Bruton, TD struchtúr dhá leibhéal a bheidh níos éifeachtaí agus níos éasca a úsáid a chur in áit an chórais chasta, as dáta atá ann faoi láthair chun díospóidí a réiteach maidir le cearta aonair fostaíochta agus comhionannais san ionad oibre. Cinnteoidh an t-athchóiriú seo go mbeidh córas nua-aimseartha de scoth an domhain ar fáil maidir le caidreamh san ionad oibre agus go mbeidh sé furasta é a úsáid agus go gcuirfidh sé buntáistí suntasacha ar fáil dóibh siúd a bheidh á úsáid agus don tsochaí i gcoitinne. Tacóidh an t-athchóiriú go mór le rialú gnó níos fearr, le caidreamh fostaithe agus le hathchóiriú na seirbhíse poiblí. Cuirfidh sé seirbhís i bhfad níos fearr ar fáil do na daoine a úsáidfidh é agus spárálfaidh sé airgead ar an gcáiníocóir. Is cruthúnas é gur féidir an earnáil phoiblí a athchóiriú ar bhealach a théann chun tairbhe na bpáirtithe go léir.

## An Gá atá le hAthchóiriú

Tá acmhainní an stáit agus acmhainní na n-úsáideoirí á gcur amú ag an gcóras reatha chun díospóidí aonair a bhaineann leis an ionad oibre a réiteach. Is cúis frustrachais é freisin d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do na gairmithe a dhéanann ionadaíocht orthu. Rinneadh mórchuid anailíse ar an gcóras agus cuireadh ocht dtuarascáil ar fáil faoi laistigh d'ocht mbliana. Seo cuid de na gearáin a rinneadh faoin gcóras sna tuarascálacha sin:

- Go bhfuil cúig eagraíocht ann atá ag forluí ar a chéile, ach a bhfuil cuspóirí agus oibríochtaí acu atá neamhspleách go hiomlán ar a chéile
- Go bhfuil an córas chomh casta sin go dtéann sé deacair ar chleachtóirí a bhfuil taithí acu air é a thuiscint
- Go seoltar éilimh go minic go dtí an fóram mícheart nó go ndéantar iad faoi reacht mícheart: agus uaireanta go dtagann siad faoi urchosc reachta sula ndéantar an earráid a aithint
- Go bhfuil easpa comhsheasmhachta le sonrú idir na comhlachtaí éagsúla, agus i roinnt cásanna laistigh de na comhlachtaí féin, maidir leis an méid foirmiúlachta a bhainfidh leis na héisteachtaí, maidir leis na rialacha fianaise agus maidir leis an úsáid a bhainfear as nósanna imeachta sáraíochta nó fiosrúchánacha
- Go bhfuil nósanna imeachta atá ró-dhleathaíoch ann sa chaoi go measann go leor úsáideoirí gur gá dóibh costais dlí a thabhú
- Gur féidir le sraith cúinsí teacht chun cinn i gcás fostaí amháin agus fostóir amháin sa chaoi go mbíonn roinnt éileamh ann dá mbarr agus gur gá iad a phróiseáil trí fhóraim éagsúla chun sásamh a fháil
- Gur féidir bealaí éagsúla achomhairc a bheith ann le haghaidh saincheisteanna a eascraíonn as an tsraith chéanna imthosca sa bhfostaíocht chéanna
- Go ndéantar cúiteamh agus réitithe a ríomh ar bhealaí go mbíonn difríochtaí míréasúnta, éagothroma le sonrú eatarthu agus nach dtugtar cúiseanna le cinntí i gcásanna áirithe
- Go dtéann daoine ag ''siopadóireacht chun fóram a roghnú'' toisc go bhfuil na feidhmeanna céanna á reáchtáil ag comhlachtaí éagsúla
- Go mbíonn moill iomarcach ann
- Go dtugtar drochluach ar airgead

## Comhairliúcháin

Chuathas i mbun dhá phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Cuireadh bailchríoch ar an gcéad cheann i Meán Fómhair 2011. Tá sintéis na n-aighneachtaí sin agus an chuid is mó de na haighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an gcomhairliúchán le fáil ar an Láithreán Gréasáin um Chaidreamh san Ionad Oibre - Achoimre & Anailís ar Aighneachtaí maidir le hAthchóiriú Deireadh Fómhair 2011.

Rinneadh go leor moltaí dearfacha de thoradh an phróisis agus ba chabhair iad chun córas nua a cheapadh agus a chur ar fáil. Bhí tionchar acu freisin ar na moltaí atá leagtha amach sa treoirphlean a foilsíodh i mí Aibreáin 2012 maidir le Seirbhís Caidrimh de Scoth an Domhain san Ionad Oibre a chruthú.

Tá cur síos measartha mion le fáil sa treoirphlean faoi conas atá sé beartaithe athchóiriú a dhéanamh ar na struchtúir agus na próisis maidir le caidreamh san ionad oibre. Foilsíodh é d'fhonn deis eile a chur ar fáil le haghaidh comhairliúcháin. Tá gach ceann de na haighneachtaí a fuarthas mar fhreagra air le fáil ar an Láithreán Gréasáin um Chaidreamh san Ionad Oibre i gcáipéis amháin ar a dtugtar Blueprint Consultation Responses, Bealtaine 2012.

I mí Iúil 2012 d'fhoilsigh an tAire an Cháipéis Bheartais: Reachtaíocht a Rith chun Seirbhís Caidrimh de Scoth an Domhain san Ionad Oibre a Chruthú. Thug sé freagra ar go leor de na haighneachtaí a fuarthas mar fhreagra ar an Treoirphlean agus leagtar amach i bhformáid mhionsonraithe insinte ann na prionsabail lárnacha a dhéanfar a ionchorprú sna struchtúir agus sna próisis nua atá molta.

## Na Struchtúir nua

Tá sé ar intinn ag an Aire córas dhá leibhéil a chur ar fáil um Chaidreamh san Ionad Oibre ina mbeidh dhá chomhlacht neamhspleácha reachtúla in áit na gcúig cinn atá ann faoi láthair. Beidh comhlacht aonair nua céadchéime ann ar a dtabharfar an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre mar aon le comhlacht achomhairc ar leithligh. Is éard a bheidh sa dara comhlacht sin i ndáiríre ná Cúirt Oibreachais méadaithe.

Glacfaidh an Coimisiún nua um Chaidreamh san Ionad Oibre chuige féin gníomhaíochtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (lena n-áirítear Seirbhís Choimisinéara um Chearta), an Bhinse Comhionannais, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (dlínse chéadchéime amháin), agus an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre Seirbhís Luath-Réitigh ar fáil chun éascú a dhéanamh ar réiteach gearán aonair agus spreagadh a thabhairt do na réitithe sin a luaithe agus is féidir agus a chinntiú sa chaoi sin, a mhéid is féidir, nach mbeidh imscrúdú nó breithiúnas foirmiúil riachtanach. Déanfar na ceithre chomhlacht atá liostaithe thuas a scor nuair a bheidh a gcuid feidhmeanna aistrithe chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre.

Déanfar gach gearán céadchéime leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre áit a mbeidh trí rogha ar fáil maidir le gearáin a réiteach - luathréiteach, iniúchadh agus breithniú. Is chuig an gCúirt Oibreachais amháin a dhéanfar gach achomharc agus ní dhéanfar aon achomharc breise ina dhiaidh sin ach amháin chun na hArd-Chúirte faoi phointe dlí.

Coinneofar an Chúirt Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách agus is í sin an t-aon chomhlacht achomhairc amháin a bheidh ag déileáil leis na hachomhairc ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre. Leanfaidh an Chúirt Oibreachais ar aghaidh ag cur ar fáil na seirbhísí go léir atá aici cheana féin (seachas dornán beag de na feidhmeanna céadchéime a aistreofar chuig an gCoimisiún) chomh maith le feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a ghlacadh chuici féin. Tabharfar na hacmhainní breise don Chúirt Oibreachais a bheidh riachtanach chun an ról sin a chomhlíonadh.

## Dul Chun Cinn go dtí Seo

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an gclár athchóirithe cheana féin agus tá roinnt gníomhaíochtaí tábhachtach tosaíochta curtha ar fáil go rathúil.

Áirítear orthu sin:

- Tá tairseach teagmhála nua amháin ar a dtugtar "Seirbhísí do Chustaiméirí maidir le Caidreamh san Ionad Oibre" curtha in áit na gcúig phointe iontrála ar leith a bhíodh ann.
- Aithnítear gearáin anois laistigh de sheachtain, ar an meán, ón am a fhaightear iad. Thógadh sé suas le hocht mí i gcásanna áirithe roimhe seo.
- Tugtar fógra don fhostóir freisin laistigh de sheachtain, ar an meán, tar éis don ghearán a bheith taiscthe. Méadaíonn sé sin an sean go bhféadfar teacht ar réiteach gan éisteacht a eagrú faoin scéal. Thógadh sé sin suas le hocht mí i gcásanna áirithe freisin.
- Níl aon riaráiste ann anois le haghaidh éisteachtaí Coimisinéara um Chearta.
- Tá Foirm Amháin Ghearán ann anois le déileáil le níos mó ná 100 gearán céadchéime in áit na 30 foirm a bhíodh in úsáid roimhe seo.
- Tá láithreán gréasáin sealadach nua www.workplacerelations.ie ar fáil faoi chaidreamh san ionad oibre.
- Tá Seirbhís Luath-Réitigh ar fáil anois ar bhonn píolótach.
- Tá Seirbhís Chorparáideach Chomhroinnte Amháin curtha ar bun.
- Leagadh amach próisis nua ghnó.
- Aistríodh an Binse Comhionannais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Ullmhaíodh agus faomhadh Dréacht-Scéim an Bhille don reachtaíocht chumasúcháin le go ndéanfaidh an Rialtas í a dhréachtú ar bhonn tosaíochta
- Tá Stiúrthóir Ainmnithe agus Foireann Bainistíochta Sinsearaí ceaptha i gcomhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre.

## An Bille um Chaidreamh san Ionad Oibre

Tabharfar feidhm reachtúil don athchóiriú trí Bhille um Chaidreamh san Ionad Oibre a bhfuil sé ar intinn ag an Aire é a fhoilsiú in 2013. Beidh foráil sa reachtaíocht go ndéanfar an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC), an tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (NERA), an Binse Achomhairc Fostaíochta (EAT) agus an Binse Comhionannais a fhoirceannadh ar bhealach ordúil agus feidhmeanna LRC, NERA agus an Bhinse Comhionannais chomh maith le feidhmeanna céadchéime EAT agus na Cúirte Oibreachais a aistriú chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre. Ionchorprófar feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc i gCúirt Oibreachais atheagraithe.

I mí Iúil 2012, d'fhaomh an Rialtas scéim an Bhille lena dréachtú ar bhonn tosaíochta. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le hullmhú an chláir reachtaigh agus an dearaidh mhionsonraithe atá riachtanach chun an t-athchóiriú a chur i gcrích agus tá an Bille á dhréachtú faoi láthair in Oifig an Ard-Aighne. Chuige sin ní mór leasú a dhéanamh ar 22 phíosa den reachtaíocht fostaíochta, ar 12 alt i reachtaíocht eile agus ar 71 ionstraim reachtúil.

## Tuilleadh Athruithe Riaracháin Molta

Ar feitheamh ar achtú na reachtaíochta beartaithe tá sé ar intinn ag an Aire leanúint ar aghaidh ag cur an athchóirithe chun cinn ar bhonn riaracháin.

## Seirbhísí a chuirfidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre ar fáil

Forbróidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre sraith seirbhísí ardcháilíochta freagracha agus cuirfidh sé ar fáil iad. Cinnteoidh sé go gcuirfear feabhas suntasach,

intomhaiste ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear dóibh siúd a úsáideann seirbhísí an Stáit um réiteach díospóidí lena n-áirítear cearta agus teidlíochtaí fostaithe a fhíorú níos fearr agus níos tapúla agus é sin a dhéanamh trí sheirbhís nua-aimseartha a mbeidh sé éasca í a úsáid. Tá sonraí leagtha amach thíos faoi na seirbhísí a chuirfidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre ar fáil.

## Seirbhísí Comhairleacha agus Faisnéise

Nascfaidh an tseirbhís seo le chéile na feidhmeanna atá á gcur ar fáil faoi láthair ag Seirbhís Chomhairleach an LRC (lena n-áirítear feidhmeanna maidir le cóid chleachtais), seirbhís faisnéise NERA agus na feidhmeanna faisnéise atá á gcur ar fáil faoi láthair don Bhinse Comhionannais, do EAT, don Chúirt Oibreachais agus do Sheirbhís Coimisinéirí um Chearta mar aon le faisnéis faoi shaoire do thuismitheoirí atá á sholáthar faoi láthair ag an Údarás Comhionannais.

Leanfaidh an tseirbhís ar aghaidh ag cuidiú le fostóirí agus le fostaithe caidreamh dearfach oibre a chruthú agus a choinneáil agus beidh sé ag obair leo chun bealaí leanúnacha, éifeachtacha a fháil agus a chur i bhfeidhm chun caidreamh comhchuí a chruthú agus fadhbanna a réiteach. Beidh an tseirbhís seo ar fáil d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do cheardchumainn i gcúinsí nach bhfuil aighnis ar siúl d'fhonn caidreamh éifeachtach tionsclaíoch agus cleachtais chomhionannais, nósanna imeachta agus struchtúir a fhorbairt a fhreastalóidh sa chaoi is fearr ar a gcuid riachtanais.

Áireofar ar na feidhmeanna sonracha:

- Cláir oideachais, feasachta agus faisnéise a cheapadh agus a chur i láthair
- Seirbhís chomhairleach a sholáthar chun dea-chleachtas a chur chun cinn san ionad oibre
- Leas a bhaint as an teileafón agus as modhanna leictreonacha chun faisnéis maidir le fostaíocht a chur ar fáil
- Iniúchtaí Caidreamh Thionscail [1] a chur i gcrích
- Taighde oiriúnach a dhéanamh
- Meithleacha Comhpháirteacha a bhunú
- Tionscnaimh a chur i bhfeidhm dóibh siúd a Úsáideann an tSeirbhís go Minic
- Cóid Chleachtais a ullmhú agus tacú lena gcur i bhfeidhm

## Seirbhís Idir-réitigh agus Luath-Réitigh

Beidh rannán tiomnaithe sa Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre a bheidh dírithe go hiomlán ar sraith iomlán de roghanna tráthúla, éifeachtúla maidir le luathréiteach a sholáthar do pháirtithe a bhfuil díospóidí ar siúl acu maidir le cúrsaí cearta nó leasa. Áireofar leo sin seirbhísí malartacha um réiteach díospóide a chuirfidh oifigigh ar fáil a bheidh oilte go speisialta chuige sin sa chaoi nach mbeidh sé riachtanach do na páirtithe lena mbaineann leas a bhaint as seirbhísí breithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre (ná na Cúirte Oibreachais dá ndéanfaí achomharc).

Cuireadh Seirbhís Luath-Réitigh ar fáil ar bhonn píolótach i Mí na Bealtaine 2012. Tá an tSeirbhís phíolótach á meas faoi láthair agus cuirfear na ceachtanna a foghlaimíodh i bhfeidhm sa tseirbhís príomhshrutha ar ball.

Baineadh leas sa tSeirbhís Luath-Réitigh as an taithí fhairsing ar réitithe malartacha díospóidí agus fadhbanna atá faighte ag Coimisinéirí um Chearta, ag Oifigigh Idirghabhála Comhionannais agus ag Oifigigh Idir-réitigh

1 Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil ar iarratas ó fhostóirí nó ó cheardchumainn ar an mbonn céanna is a chuireann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais seirbhís ar fáil faoi láthair.

thar roinnt blianta. Faoi réir tuilleadh forbartha, agus torthaí na meastóireachta ar an Scéim Phíolótach atá luaite thuas, tá sé á mholadh go n-oibreoidh an tSeirbhís Luath-Réitigh mar seo a leanas:

- D'fhéadfaí an córas luath-réitigh a thairiscint do Pháirtithe ainmnithe i ngearáin chéadchéime nó a bheadh atreoraithe chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre; rannpháirtíocht dheonach sa phróiseas a bheadh i gceist.
- Sannfar Oifigeach um Réiteach Cáis dóibh siúd a roghnaíonn an tSeirbhís Luath-Réitigh.
- Rachaidh an tOifigeach um Réiteach Cáis i dteagmháil leis na páirtithe nó lena n-ionadaithe d'fhonn:
  - Cabhrú le fáil amach cad iad na rudaí sin a bhfuil díospóid ar siúl fúthu agus plé a dhéanamh faoi na roghanna atá ar fáil le déileáil leo;
  - Cabhrú le gach páirtí dearcadh an taoibh eile maidir leis an gcás a thuiscint agus iniúchadh a dhéanamh leis na páirtithe go léir conas a d'fhéadfaí an scéal a réiteach gan éisteacht fhoirmiúil ná cigireacht;
  - Plé a dhéanamh ar aon moltaí a bheidh ag ceachtar taobh maidir le réiteach a mbeadh siad go léir sásta glacadh leis.
- Ní chuirfidh na hOifigigh um Réiteach Cás réitithe i bhfeidhm ach scrúdóidh siad na saincheisteanna agus déanfaidh iarracht cabhrú chun na difríochtaí a réiteach ar bhealach a bheadh inghlactha ag na páirtithe lena mbaineann.
- Bainfidh an tSeirbhís leas as réimse modhanna luath-idirghabhála - idir theagmháil shimplí teileafóin a dhéanamh leis an dá pháirtí go dtí cruinnithe sceidealta duine le duine a bheith aici leo - de réir mar a oirfidh d'imthosca na bpáirtithe agus do na saincheisteanna a bheidh faoi dhíospóid in aon chás faoi leith.
- Coinneoidh na páirtithe agus an tOifigeach um Réiteach Cás na pléití le linn an phróisis faoi rún.
- I gcásanna ceart, is éard a bheidh ann de thoradh an phróisis ná comhaontú i scríbhinn a bheidh ceangailteach agus faoi rún agus a fhéadfaidh ceachtar páirtí a chur i bhfeidhm sa Chúirt Dúiche.
- I gcásanna leasa, is éard a bheidh ann de thoradh an phróisis ná comhaontú faoi rún idir na páirtithe, a d'fhéadfadh a bheith ceangailteach ach nach bhfuil infhorghníomhaithe.

Lena chois sin cuirfidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre i gcrích cuid de na feidhmeanna idir-réitigh atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais faoi láthair. Leanfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre ar aghaidh ag cur seirbhíse idir-réitigh ar fáil mar phróiseas deonach agus déanfaidh sé éascú ar iarrachtaí na bpáirtithe in aighneas teacht ar chomhaontú nuair atá teipthe orthu an cheist a réiteach eatarthu féin.

## Breithiúnas

Feadfar gach gearán a bhíodh faoi dhlínse chéadchéime Sheirbhís Coimisinéara um Chearta, an Bhinse Comhionannais, an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus na Cúirte Oibreachais a chur faoi bhráid Sheirbhís Bhreithiúnais an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre. Tionólfar éisteacht phríobháideach os comhair Bhreithneoir an Choimisiúin a shuífidh ina (h)aonar.

Eiseofar cinntí réasúnaithe i ngach cás a bhaineann le cearta fostaíochta nó le stádas comhionann; eiseofar moltaí nó cinntí i scríbhinn i ngach cás leasa a chuirfear faoi bhráid na seirbhíse breithiúnais. Foilseofar na cinntí go léir faoi chearta fostaíochta agus cásanna comhionannais ar www.workplacerelations.ie.

Roghnófar na breithneoirí ó phainéal daoine éagsúla, lena n-áireofar cleachtóirí caidrimh thionsclaíoch agus

cleachtóirí acmhainní daonna a mbeidh taithí acu, státseirbhísigh agus dlíodóirí fostaíochta a mbeidh na scileanna nó na cáilíochtaí cuí acu. Faoi réir an cheanglais uileghabhálaigh gníomhú go breithiúnach agus le haird chuí ar phrionsabail an cheartais aiceanta agus ceartais bhunreachtúil, beidh cead áirithe ag Breithneoirí an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh faoi nósanna imeachta dá gcuid féin a bheith acu agus iad ag reáchtáil na n-éisteachtaí. Beidh sé de chumhacht acu fianaise a ghlacadh faoi mhionn agus finnéithe a ghairm agus doiciméid a éileamh. Leagfar béim ar leas a bhaint as cur chuige cúistiúnach (seachas cur chuige sáraíochta) a mhéid is féidir

## Seirbhís um Chomhlíonadh

I gcás na bhfeidhmeanna sin a bhíodh á gcomhlíonadh ag an Údarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (NERA) go dtí seo maidir le cur chun cinn chultúr chomhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta leanfaidh Seirbhís um Chomhlíonadh a bhfuil sé molta go mbeadh sé ag an gCoimisiún nua um Chaidreamh san Ionad Oibre ar aghaidh á gcur i gcrích. Maidir leis na hOifigigh sin a dtugtaí Cigirí Saothair nó Cigirí NERA orthu roimhe seo tabharfar Oifigigh Comhlíonta an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre orthu feasta. Leanfaidh na hoifigigh sin ar aghaidh ag déileáil le fostóirí agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha chun na críche sin; leanfaidh siad ar aghaidh ag iniúchadh taifead fostaíochta fostóirí aonair d'fhonn comhlíonadh deonach sa chéad ásc a bhaint amach i gcásanna ina mbraitheann siad neamh-chomhlíonadh. Tá sé ar intinn ag an Aire cur le cumhachtaí reachtúla na gcigirí Saothair nó NERA trí mheicníochtaí nua a thabhairt isteach sa Bhille um Chaidreamh san Ionad Oibre 2012 atá deartha le go mbeidh siad ina n-uirlisí éifeachtacha, lena n-áirítear fógraí comhlíonta agus fógraí maidir le muirear seasta.

## An Chúirt Oibreachais

Coinneofar an Chúirt Oibreachais mar chomhlacht reachtúil neamhspleách agus leanfaidh sí ar aghaidh ag cur ar fáil na seirbhísí go léir atá aici faoi láthair (seachas dornán beag de na feidhmeanna céadchéime a aistreofar chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre). Sa chaoi sin éistfidh an Chúirt Oibreachais na hachomhairc go léir ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre maidir le gach gearán faoi cheart agus faoi leas. Coinneoidh an Chúirt dá bhrí sin an fheidhm achomhairc atá aici cheana féin faoin dá Acht Caidrimh Thionscail 1946-2004 agus faoi réimse achtachán maidir le cearta fostaíochta. Aistreofar chuig an gCúirt freisin an dlínse achomhairc reatha atá ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta. Tabharfar na hacmhainní breise don Chúirt Oibreachais a bheidh riachtanach chun an ról sin a chomhlíonadh.

Beidh sé de cheart ag ceachtar páirtí in éisteacht chéadchéime achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh chuig Breithneoir de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre. Feidhmeoidh an Chúirt Oibreachais mar chúirt achomhairc dheiridh maidir le gach cinneadh breithnithe a dhéanfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre, faoi réir ceart ceachtar den dá pháirtí achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh cinnidh ón gCúirt Oibreachais ar phointe dlí amháin.

Déanfar roinnt leasuithe ar na rialacha maidir le nósanna imeachta a bhaineann faoi láthair le gnó na Cúirte a stiúradh chun éascú a dhéanamh, mar shampla, ar cásanna a éisteacht go poiblí. Ina theannta sin, tá sé beartaithe foráil a bheith ann go bhfeadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh a chabhródh leis an gCúirt Oibreachais cásanna a bhainistiú. Cinnteoidh sé sin go ndíreofar le linn na n-éisteachtaí ar na saincheisteanna a bheidh le réiteach ag an gCúirt chun cinneadh cothrom a thabhairt faoin gcás. Beidh cúrsaí níos éifeachtaí dá thoradh sin agus bainfear leas níos fearr as acmhainní na Cúirte. Féadfaidh foráil a bheith sna rialacháin sin, go háirithe, go bhféadfadh Cathaoirligh nó Leas-

chathaoirligh déileáil le réamhiarratais sonraithe áirithe nó le ceisteanna sonraithe áirithe faoi nósanna imeachta agus iad ag suí ina n-aonar.

Cuirfear córas athbhreithnithe réamhéisteachta i bhfeidhm ina ndéanfaidh Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach na Cúirte athbhreithniú ar an gcomhad agus ar an mbreithniú céadchéime agus gheobhaidh sé nó sí amach cad iad na cnámha spairne atá idir na páirtithe. Socróidh sé nó sí ansin fad na héisteachta a mheasann sé nó sí a bheidh riachtanach le déileáil leis an gcás. I gcásanna oiriúnacha, féadfaidh an Chúirt comhdháil réamhéisteachta um bainistiú cásanna a ghairm le príomhionadaithe na bpáirtithe, d'fhonn a chinntiú go bhféadfar an t-am atá leagtha síos don éisteacht a úsáid go héifeachtach. Is é (nó í) Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach na Cúirte ag suí ina (h)aonar a reáchtálfaidh na comhdhálacha maidir le bainistiú cásanna.

## Forfheidhmiú na nDámhachtainí

Rud an-mhíshásúil go deo is ea an deacracht a bhíonn ag gearánaithe a n-éiríonn lena n-iarrachtaí os comhair na gcomhlachtaí éagsúla a bhreithníonn cearta fostaíochta, na dámhachtainí sin a dhéantar ina bhfabhar a fhorfheidhmiú.

Is beag creidiúint atá ag dul d'aon chóras chun cearta fostaíochta a bhreithniú mura bhfuil córas éifeachtacht forfheidhmithe ann le tacú le gearánaithe rathúla. Má tá muinín le bheith ag fostaithe, ar diúltaíodh a dteidlíochtaí reachtúla dóibh, agus ag a n-ionadaithe, as an gcóras nua atá molta ní mór próiseas éifeachtach, saor a chur i bhfeidhm a mbeidh sé furasta é a úsáid.

Dá bhrí sin, tá sé ar intinn ag an Aire córas níos treise a chur i bhfeidhm chun dámhachtainí a fhorfheidhmiú. Tá sé beartaithe go mbeidh Rannóg Forfheidhmiúcháin mar chuid de na struchtúir nua a chuirfidh i bhfeidhm an córas forfheidhmithe athbhreithnithe, agus go mbeidh cumhachtaí forfheidhmithe suntasach ag an gCúirt Dúiche maidir le cinntí a dhéanann Oifigigh Breithnithe an Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre agus cinntí na Cúirte Oibreachais.

## Conclúid

Cuirfidh an t-athchóiriú ó bhonn atá molta ag an Aire don chóras um réiteach díospóidí fostaíochta réimse buntáistí dáiríre agus buntáistí praiticiúla ar fáil d'úsáideoirí uile an chórais agus do pháirtithe leasmhara an chórais, lena n-áirítear:

- **Córas níos simplí ina mbeidh níos lú maorlathais:** Seolfar gach gearán feasta ar fhoirm amháin chuig chomhlacht amháin céadchéime. Tá sé beartaithe sa chaoi chéanna nach mbeidh ach foirm amháin ag freagróirí. Beidh ar ghearánaithe faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar faoina ngearáin; más rud é go bhfuil gearáin iomadúla acu déileálfar leo in aon áit amháin agus ní bheidh ar fhostóirí ach déileáil le comhlacht céadchéime amháin nó iad féin a chosaint ina láthair. Ciallaíonn sin go mbeidh deireadh leis an gcoincheap sin faoi dhul ag ''siopadóireacht le haghaidh fóraim''; éistfidh an t-aon bhreithneoir amháin na gearáin go léir a dhéanfaidh gearánaí aonair, agus déanfar é sin san ionad céanna ar an lá céanna, rud a spárálfaidh a lán ama agus costais ar fhreagróirí a mbeidh orthu iad féin a chosaint ar ghearáin iomadúla;

- **Béim níos mó ar luathréiteach:** Beidh gá le hacmhainní suntasacha a sholáthar sa chóras nua chun cabhrú le páirtithe na hachrainn a réiteach eatarthu féin ar bhealach éifeachtach, saor trí luathréiteach agus éisteacht agus na costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi a sheachaint sa chaoi sin;

- **Córas níos réasúnaí a mbeidh nósanna imeachta caighdeánaithe ag baint leis:** Beidh níos lú ama agus iarrachtaí ag teastáil chun an córas nua a thuiscint

agus a úsáid. Ní bheidh orthu siúd nach mbeidh sásta le toradh an bhreithnithe chéadchéime, mar shampla, ach smaoineamh ar rogha amháin maidir le hachomharc a dhéanamh ina aghaidh (go dtí an Chúirt Oibreachais); cuirfear na teorainneacha caighdeánacha céanna agus na tréimhsí achomhairc céanna i bhfeidhm i sraith iomlán na reachtaíochta fostaíochta.

Tá tuilleadh eolais ar an gClár Athchóirithe ar fáil ar an láithreán eatramhach gréasáin maidir le Caidreamh san Ionad Oibre www.workplacerelations.ie.



# Caibidil 2

## Seirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais

### TORADH NA SEIRBHÍSÍ IN 2012

- Seirbhísí Corparáideacha agus Bord
- Seirbhís Idir-réitigh
- Seirbhís Chomhairleach
- Seirbhís Choimisinéara um Chearta

## Achoimre ar Chostais a bhain le Soláthar na Seirbhísí

Tá miondealú achomair sa tábla seo a leanas ar an gcaiteachas neamhiniúchta in aghaidh an Rannáin in 2012. Léiríonn na figiúirí an caiteachas iarbhír agus níl coigeartuithe san áireamh iontu, mar shampla an dímheas a d'fhéadfadh a bheith infheidhme agus a d'fhéadfaí a aontú ina dhiaidh sin i gcúrsa an iniúchta fhoirmeálta agus cur i láthair deiridh na gcuntas don tréimhse. Agus é seo á scríobh tá tús curtha ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le scrúdú na gcuntas. Foilseofar na cuntais iniúchta nuair a bheidh an t-athbhreithniú bliantúil críochnaithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an deimhniú ábhartha eisithe

## Miondealú na gCostas Achoimre sna Rannáin 2012

| | Riarachán | Bord | Seirbhís Idir-réitigh | Seirbhís Chomhairleach | Coimisinéir Seirbhís Chearta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € |
| Tuarastail | 113,806 | 0 | 1,354,768 | 311,655 | 681,018 | 2,461,247 |
| Táillí | 0 | 92,340 | 0 | 0 | 1,168,585 | 1,260,925 |
| Taisteal & Cothabháil | 23,054 | 5,278 | 76,516 | 11,425 | 145,270 | 261,543 |
| Cíos ar Sheomraí Cruinnithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 99,425 | 99,425 |
| Stáiseanóireacht, Soláthairtí, Cumarsáid | 16,854 | 0 | 68,702 | 13,899 | 69,080 | 168,535 |
| Fóntais, Oibríochtaí & Cothabháil | 21,590 | 0 | 90,678 | 17,272 | 86,360 | 215,899 |
| Táillí Comhairleachta agus Gairmiúla | 47,903 | 0 | 0 | 0 | 10,416 | 58,319 |
| Priontáil, Oiliúint | 665 | 0 | 20,308 | 11,984 | 333 | 33,290 |
| Iomlán | 223,872 | 97,618 | 1,610,972 | 366,235 | 2,260,487 | 4,559,183 |
| % den Iomlán (figiúirí slánaithe) | 5% | 2% | 35% | 8% | 50% | 100% |

# Rannán na Seirbhísí Comhairleacha 2012



## FORBHREATHNÚ AR SHEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA

*"Oibriú i ndlúth-chomhpháirtíocht le fostóirí, le ceardchumainn agus le fostaithe chun na nósanna imeachta agus na cleachtais agus na beartais is fearr maidir le caidreamh tionsclaíoch a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, d'fhonn leas eacnamaíoch an fhiontair a fheabhsú agus cabhrú chun fostaíocht a chruthú agus a choinneáil."*

Díríonn an tSeirbhís Chomhairleach ar oibriú le fostóirí, le fostaithe agus le ceardchumainn d'fhonn caidreamh, cleachtais, struchtúir agus nósanna imeachta dearfacha tionsclaíocha a fhorbairt. Is é an príomhchuspóir atá aici ná cuidiú chun caidreamh dearfach oibre a chruthú agus a choinneáil san ionad oibre mar aon le bealaí éifeachtacha chun díospóidí a chosc agus a réiteach. Is féidir leis an tSeirbhís comhairle agus cúnamh a thabhairt faoi ghné ar bith a bhaineann le Caidreamh Tionsclaíoch in ionaid oibre na hÉireann. Feidhmíonn an tSeirbhís ar an bprionsabal gur cuma an díospóid ghrúpa nó díospóid duine aonair atá i gceist, gur fearr í a réiteach san ionad oibre, agus bíonn an cúnamh a chuireann siad ar fáil dírithe ar cur le cumas na n-eagraíochtaí agus a gcuid fostaithe an caidreamh tionsclaíoch atá acu a bhainistiú eatarthu féin.

Chuir 3 Oifigeach Comhairleacha an tSeirbhís ar fáil.

## Cur ar Fáil na Seirbhísí

Cé go gcuirtear an cúnamh in oiriúint do riachtanais gach ionad oibre faoi leith, is féidir an cineál cúnaimh a chuirtear ar fáil a rangú mar seo a leanas:

## Oiliúint

Cuid lárnach de shainchúram na Seirbhíse is ea oiliúint a sholáthar faoi ghnéithe éagsúla a bhaineann le caidreamh fostaíochta d'fhonn cur le forbairt acmhainní maidir le Caidreamh Tionsclaíoch in ionaid oibre na hÉireann agus é sin a dhéanamh trí cláir réamhghníomhacha a chur ar fáil chun díospóidí a chosc.

Tá cláir éagsúla forbartha ag an tSeirbhís agus iad á gcur ar fáil aici i gcónaí. Baineann siad le nósanna imeachta san ionad oibre maidir le Cúiseanna Gearáin, Smacht agus Dínit, Cumarsáid agus Comhairliúchán, an Próiseas Idirbheartaíochta agus tacaíocht maidir le bainistiú athruithe ginearálta san ionad oibre. Cuirtear na cláir in oiriúint do riachtanais eagraíochtaí faoi leith, idir bheag agus mhór, san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

Is é cuspóir na gclár oiliúna a sholáthraíonn an Coimisiún agus a chuireann ár bhfoireann ar fáil ná feabhas a chur ar chumas na ndaoine atá san ionad oibre agus a gcuid fostaithe próisis um Chaidreamh Tionsclaíoch a fhorbairt mar aon le próisis agus nósanna imeachta éifeachtacha. Tá an-taithí ag ár bhfoireann a thagann ón Rannán Chomhairleach agus ón Rannán Idir-réitigh.

## Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Is éard a bhíonn i gceist le hAthbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch ná measúnuithe doimhne a dhéanamh ar Caidreamh Oibreachais i láithreacha oibre d'fhonn réimsí a aithint a bhfuil fadhbanna iontu, moltaí a dhéanamh maidir le cleachtais agus nósanna imeachta feabhsaithe agus oibriú i gcomhar le gach duine lena mbaineann chun feabhsúcháin

a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh roinnt próiseas bailithe eolais a bheith i gceist in athbhreithniú tipiciúil lena n-áirítear agallaimh duine le duine, ceistneoirí, suirbhéanna ríomhphoist agus grúpaí fócais. Is é an cuspóir lárnach a bhíonn le hathbhreithniú tipiciúil ná réimsí ina bhfuil fadhbanna a aithint go cruinn agus oibriú le gach duine lena mbaineann chun réitigh éifeachtacha a fhorbairt.

## Meithleacha Comhpháirteacha

Is éard a bhíonn i gceist le Meitheal Chomhpháirteach ná próiseas ina mbíonn an lucht bainistíochta agus na fostaithe páirteach ann, agus déanann an tSeirbhís éascú air, chun moltaí a rinneadh de thoradh athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch a chur i bhfeidhm. Tá an próiseas ceaptha sa chaoi go mbeidh baint dhíreach acu siúd go léir lena mbaineann an scéal le réitigh a fhorbairt ar a gcuid deacrachtaí a mbeidh gach taobh sásta glacadh leo.

## Éascú

Tá seirbhís éascaithe atá dírithe ar saincheisteanna éagsúla san ionad oibre á cur ar fáil ag an tSeirbhís, lena n-áirítear nósanna imeachta níos fearr a fhorbairt san ionad oibre agus cur i bhfeidhm athruithe i gcleachtais oibre. Is é cuspóir na seirbhíse éascaithe ná cabhrú leis na páirtithe teacht ar réitigh a bheidh inghlactha ag gach taobh.

## Réiteach Deonach Díospóide

Éascaíonn an tSeirbhís an nós imeachta atá forordaithe sa Chód Cleachtais chun Aighnis a Réiteach go Saorálach (Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 76 de 2004) trína gcuirtear creat ar fáil chun díospóidí a phróiseáil a eascraíonn i gcásanna nach bhfuil cómhargáil i bhfeidhm.

## Idirghabháil san Ionad Oibre

Comhfhoireann de chuid na Seirbhísí Comhairle agus Idir-réitigh a bhíonn i mbun idirghabhála san ionad oibre. Is féidir forléargas agus sonraí a fháil faoin obair sin sa chuid faoi ghníomhaíocht na Seirbhíse Idir-réitigh.

## Taighde

Tá an tSeirbhís freagrach as sainchúram an Choimisiúin a chomhlíonadh maidir le taighde a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Caidreamh Tionsclaíoch agus chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha maidir le cúrsaí Caidrimh Tionsclaíoch i gcoitinne. Chuige sin bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas ar siúl le linn na tréimhse:

- ***"The Labour Relations Commission Recalling 21 years: 1991-2012"***
  Cuireadh an foilseachán seo ar fáil mar cheiliúradh ar chothrom 21 bliain bhunú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais. Tá ábhar sa leabhar a scríobh daoine mór le rá i réimse caidrimh tionsclaíoch agus cúrsaí cearta fostaíochta.

  Tá cóip bhog den fhoilseachán seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin www.lrc.ie

- ***Innovations in Conflict Management in Organisations***
  D'fhaomh an Bord comhthionscadal taighde idir ACAS agus an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais in 2012. Bhain sé le bealaí nuálacha chun coimhlintí in eagraíochtaí a bhainistiú agus cuireadh tús leis in 2013.

- ***Seirbhís Luath-Réitigh (Athbhreithniú lár téarma)***
  Rinne an tSeirbhís Chomhairleach meastóireacht lár téarma ar an tSeirbhís Luath-Réitigh (Céim Phíolótach).

## 2012 Miondealú ar Acmhainní agus ar Ghníomhaíocht

| An Cineál Tionscadail | Uimhir an Tionscadail |
|---|---|
| SI76 | 2 |
| Éascú/ Meithleacha Comhpháirteacha | 24 |
| Athbhreithnithe ar Chaidreamh Oibreachais | 7 |
| Oiliúint | 23 |

Tabhair faoi deara: Baineann an figiúr leis an tionscadal féin agus ní le líon na gcruinnithe.

# Rannán Seirbhíse Idir-réitigh, Idirghabhála san Ionad Oibre agus Luath-Réitigh


*"Cuirfidh an Rannán sraith Seirbhísí Idir-Réitigh, Idirghabhála agus Éascaithe ar fáil a bheidh neamhchlaonta, tráthúil, éifeachtach agus ar ardchaighdeán sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon"*

Dhírigh an Rannán in 2012 ar sheirbhís a sholáthar a bheadh tráthúil, solúbtha, freagrach agus a bheadh leagtha amach le freastal ar riachtanais na bpáirtithe in ionaid oibre na hÉireann a raibh díospóid ar siúl acu nó a raibh saincheisteanna le réiteach acu. Is é príomhluach agus feidhm na seirbhíse ná go bhfuil sé ar fáil chun seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil ag am oiriúnach in aon díospóid faoi leith. Thug foireann an Rannáin ar a raibh naonúr Idirghabhálaithe nó Idir-réitithe, cúigear Oifigeach um Réiteach Cás agus seachtar mar fhoireann tacaíochta acu aghaidh in 2012 ar na dúshláin a bhain le soláthar na seirbhíse sin.


## Achoimre ar Ghníomhaíochtaí na bliana 2012

| Catagóir | Iomlán go deireadh Mhí na Nollag 2011 | Iomlán go deireadh Mhí na Nollag 2012 |
|---|---|---|
| **Idir-réiteach** | | |
| Cásanna Atreoraithe | 1,155 | 1,055 |
| Comhdhálacha | 1,532 | 1,351 |
| Cruinnithe Eile (Éascú, CIDT Comhchoistí Oibreachais, Idirghabháil srl) | 191 | 218 |
| **Líon Iomlán na gCruinnithe** | **1,723** | **1,682** |
| Cásanna Atreoraithe chun na Cúirte Oibreachais | 180 | 147 |
| **Cásanna Atreoraithe le haghaidh** | | |
| Idirghabhálacha | 45 | 54 |
| Cruinnithe (Foireann Chomhairleach san áireamh) | 100 | 113 |

### Líon na gcásanna a atreoraíodh chuig an tSeirbhís Idir-Réitigh 2010-2012




### Líon na gCruinnithe a d'éascaigh an tSeirbhís Idir-Réitigh 2010-2012




## Gníomhaíocht na Seirbhíse Idir-Réitigh

D'atreoraigh an tSeirbhís Idir-Réitigh 147 díospóid chuig an gCúirt Oibreachais in 2012 agus baineadh amach ráta socraíochta 86% le linn Idir-réitigh i gcás na ndíospóidí go léir a atreoraíodh chuici sa bhliain (1,055). Is féidir an ráta sin a chur i gcomparáid le ráta 84% na bliana 2011 agus bhí sé ar leibhéal a bhfuil rún ag an tSeirbhís é a bhaint amach.

Bhain cuid mhór d'obair na seirbhíse le cabhrú le páirtithe déileáil le saincheisteanna a d'eascair nuair a bhí Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010 go 2014 á chur i bhfeidhm agus leis na himpleachtaí ginearálta ó thaobh caidrimh tionsclaíoch de a bhí ann de bharr na laghduithe ar chaiteachas poiblí agus iarrachtaí chun breis éifeachtúlachta ó thaobh costais de a bhaint amach. Lena chois sin thacaigh an tSeirbhís freisin le réiteach díospóidí i réimse an-leathan tionscal ar fud an gheilleagair agus bhain go leor cásanna le tograí cuíchóirithe chun costais a laghdú, le hathstruchtúrú scéimeanna pinsean agus le coigeartuithe pá.

Atreoraíodh 1,055 cás chuig an tSeirbhís Idir-Réitigh in 2012. Ba laghdú beag é sin ar an 1155 chás a atreoraíodh in 2011 agus is dócha go léiríonn siad a dheacra is atá cúrsaí eacnamaíocha i gcónaí. Thionóil an tSeirbhís 1,682 chruinniú in 2012 agus ba laghdú beag é sin ar an 1,723 chruinniú a tionóladh in 2011. Is iomaí toisc a mbíonn tionchar acu ar an gcoibhneas idir comhdhálacha agus cásanna atreoraithe, lena n-áirítear castacht agus deacracht na gcásanna féin agus an t-ardleibhéal oibre idir-réitigh a bhíonn ag teastáil i ndíospóidí faoi chuíchóiriú agus laghdú costas.

## An tSeirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre

Soláthraíonn an tSeirbhís Idirghabhála san Ionad Oibre freagraí atá curtha in oiriúint do shaincheisteanna agus do dhíospóidí de chineálacha áirithe a thagann chun cinn in ionaid oibre, agus tá siad an-oiriúnach i gcás díospóidí a bhaineann le grúpaí nó le daoine aonair a bhfuil difríochtaí nó coinbhleachtaí idirphearsanta eatarthu nó a bhfuil deacrachtaí acu oibriú i gcomhar le chéile.

Foireann idirghabhálaithe ón tSeirbhís Idir-Réitigh agus ón tSeirbhís Chomhairleach a chuireann an tSeirbhís ar fáil agus is í an tSeirbhís Idir-réitigh a bhainistíonn í. Fuarthas 54 chás san iomlán a bhí atreoraithe in 2012 agus ba mhéadú iad sin ar an 45 chás a fuarthas in 2011. Bhí 24 chás acu sin atreoraithe ón earnáil phríobháideach agus an 30 cás eile ón earnáil phoiblí. Bhain meascán cásanna le fostaithe aonair agus bhain líon beag cásanna le grúpaí beaga fostaithe. Ar na saincheisteanna tipiciúla a bhain le cásanna a atreoraíodh i gcomhair idirghabhála bhí gnóthaí a bhain le caidrimh idirphearsanta san ionad oibre agus le nósanna imeachta maidir le cúiseanna ginearálta gearán agus le cúrsaí smachta i gcoitinne

## Cathaoirleacht na bhFóram Idirbheartaíochta

Soláthraíonn an Rannán Cathaoirligh le haghaidh réimse fóram idirbheartaíochta. Chuir an Rannán cathaoirligh ar fáil in 2012 do Chomhchoiste Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, do Chomhairle Eadrána na Múinteoirí, do Chomhairle Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil, do Ghrúpa Forfheidhmithe na Státseirbhíse, d'Fhóram Idir-réitigh agus Monatóireachta na Seirbhíse Príosúin, d'Fhóram Idirbheartaíochta na nInstitiúidí Teicneolaíochta, do Chomhchomhairle an Tionscail Foirgneoireachta, agus do Chomhchomhairlí an Tionscail Phriontála, na gConraitheoirí Leictreacha, agus an Stáit.

## Nósanna Imeachta Achomhairc an Chumainn Gairm-Oideachais in Éirinn - *Céim 3 Achomhairc faoi Chóid maidir le Bulaíocht, Ciapadh agus Ciapadh Gnéasach*

Sa bhliain 2010, d'aontaigh an Coimisiún duine dá oifigigh a cheapadh chun gníomhú mar Oifigeach Achomhairc Neamhspleách faoi fhorálacha na gCód Cleachtais le Déileáil le Gearáin faoi Bhulaíocht, Chiapadh, agus Chiapadh Gnéasach in Ionaid Oibre na gCoistí Gairmoideachais. Cuireadh trí achomharc faoin gCód faoi bhráid an Choimisiúin in 2012.

## Nósanna Imeachta Achomhairc an Chumainn Gairm-Oideachais in Éirinn - *Achomhairc maidir le Cúiseanna Gearáin Céim 4*

Sa bhliain 2010, thoiligh an Coimisiún do chomhiarratas ó cheardchumainn agus ón lucht bainistíochta in Earnáil na

gCoistí Gairmoideachais chun duine dá oifigigh a cheapadh chun gníomhú mar Oifigeach Achomhairc Neamhspleách le déileáil le cúiseanna gearáin Céim 4 i gcás ball foirne nach raibh clúdaithe faoin Acht Caidrimh Thionscail. D'éist an Coimisiún achomharc amháin faoin Nós Imeachta maidir le Cúiseanna Gearáin in 2012.

## Nósanna Imeachta Achomhairc an Chumainn Gairm-Oideachais in Éirinn - *Achomhairc Smachta Céim 4*

Sa bhliain 2011, thoiligh an Coimisiún do chomhiarratas ó cheardchumainn agus ón lucht bainistíochta in Earnáil na gCoistí Gairmoideachais chun duine dá oifigigh a cheapadh chun gníomhú mar Oifigeach Achomhairc Neamhspleách le déileáil le cúiseanna gearáin Céim 4 faoi na nósanna imeachta smachta a comhaontaíodh ar bhonn náisiúnta don earnáil. D'éist an Coimisiún achomharc amháin in 2012.

## Binse um Dhíospóidí sa Tionscal Tógála

Tá na páirtithe sa Chomhaontú Fostaíochta Cláraithe de chuid an Tionscail Tógála tar éis Binse Díospóidí a fhorbairt don Tionscail Tógála le freastal ar na riachtanais ar leith atá ag an earnáil. Oifigigh ó Rannán na Seirbhísí Idir-réitigh a bhíonn ina gcathaoirligh ar an mBinse. Breathnaíonn an Rannán i ndiaidh cúrsaí riaracháin an Bhinse. Cuireadh 15 chás nua san iomlán faoi bhráid an Bhinse in 2012. Sannadh naoi gcás le go dtabharfadh an Binse éisteacht iomlán dóibh agus tarraingíodh siar 2 chás eile. Sa chuid eile de na cásanna níor tháinig na páirtithe ar chomhaontú go bhfreastalódh siad ar éisteacht de chuid an Bhinse.

## Próiseas Dearbhaithe nó Breithnithe na hEarnála Sláinte

Cuireann foireann riaracháin Rannán na Seirbhísí Idir-Réitigh seirbhís riaracháin ar fáil maidir le próiseas dearbhaithe nó breithnithe don FSS agus do na páirtithe atá páirteach i gComhaontú na hEarnála Sláinte atá ina chuid de Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014. Bunaíodh an tseirbhís le go ngníomhódh sí mar lárphointe do tharchur na nithe gan réiteach a thagann faoi mhíreanna 2.9.12, 2.9.13, 2.9.14 agus 6.1 de Phrótacal Ath-imlonnaithe na Seirbhíse Sláinte. Is feidhm riaracháin í seo trína n-eagraítear agus leithdháiltear cásanna chuig an bhfoireann moltóirí. Fuarthas 22 atreorú san iomlán in 2012 sa chaoi go mb'éigean 14 éisteacht a eagrú inar ghlac thart ar 188 ball foirne de chuid na Seirbhíse Sláinte ar fud na tíre páirt iontu.

## Oiliúint a chuir an tSeirbhís Idir-Réitigh ar fáil in 2012

Is é an Rannán Comhairleach um Thaighde atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar thacaíocht an Choimisiúin do pháirtithe leasmhara trí cláir oiliúna shaincheaptha a chur ar fáil agus lean oifigigh na Seirbhíse Idir-Réitigh ag glacadh páirte san obair sin in 2012.

Ina theannta sin lean Rannóg na Seirbhísí Idir-Réitigh ar aghaidh ag tabhairt freagra ar iarratais agus ar dheiseanna chun obair an Rannáin a chur chun cinn trí chainteoirí agus éascaitheoirí a chur ar fáil do chláir oiliúna cliant agus béim acu ar an bpróiseas comhréitigh agus an tairbhe is féidir a bhaint as chun díospóidí a réiteach. Bhí oifigigh an Rannáin i láthair ag aon chúrsa oiliúna déag a eagraíodh le haghaidh stíobhaird nuacheaptha ceardlainne chomh maith le hoifigigh lánaimseartha sa chaoi go raibh SIPTU agus MANDATE páirteach iontu, agus ceithre sheisiún faisnéise do bhaill foirne na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar spéis leo a bheith ina mbaill de Sheirbhís Luath-Réitigh.

Chuir an Rannán ábhar i láthair a bhain le hidir-réiteach ag Fóram Acmhainní Daonna an Chumainn Gairm-Oideachais in Éirinn, Seimineár Foirne an Chumainn sin. Bhí dhá chur i láthair acu do Chumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha, trí cinn do bhaill foirne agus ionadaithe ceardchumainn Noonans, dhá cheann do Symantec, trí cinn do Bhráithre na Carthanachta, ceann amháin do Skills Net,

dhá cheann d'Ionaid Eolais do Shaoránaigh, trí cinn do NERA, ceann amháin do Capital Productions, ceann amháin do Chomhairle Cathrach Chorcaí, ceann amháin do Allianz, dhá cheann do IMPACT, ceann amháin do Choláiste Loreto agus ceann amháin do ÚABÁC. Rinne an Rannán óstáil freisin ar ionadaithe an Federal Mediation and Conciliation Service (FMCS) a bhí tagtha ar cuairt go hÉirinn.

## Seirbhís Luath-Réitigh

Tá foráil i moltaí an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar institiúidí an Stáit um Chearta Fostaíochta go gcruthófar struchtúr dhá leibhéal ina mbeidh comhlacht céadchéime ann ar a dtabharfar an "Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre" (WRC) mar aon le comhlacht achomhairc amháin, an Chúirt Oibreachais. Táthar ag súil go mbeidh an ról lárnach ag an gCoimisiún sin chun fostóirí agus fostaithe a spreagadh chun ceisteanna a réiteach go luath agus laghdú a dhéanamh sa chaoi sin ar líon na gcásanna a chuirfear ar aghaidh le go ndéanfar imscrúdú nó breithniú orthu.

I mí na Bealtaine 2012, fad agus a bhíothas ag feitheamh go mbunófaí an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre, rinne an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais maoirseacht ar thabhairt isteach na "Seirbhíse Luath-Réitigh" nua ar bhonn píolótach. Ba é an réasúnaíocht a bhí le bunú na seirbhíse sin ná deis a thabhairt do pháirtithe i gcás a bhí le hatreorú chuig Coimisinéir um Chearta nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta leas a bhaint as tríú páirtí neodrach, neamhchlaonta le cabhrú leo an fhadhb a réiteach gan aon ghá a bheith acu le héisteacht fhoirmiúil agus breithniú. Tá cur chuige bunaithe ar idir-réiteach atá á chur ar fáil cheana féin ag an gCoimisiún i ndíospóidí tionsclaíocha comhchoiteanna, agus is éard atá sa tseirbhís seo ná an cur chuige sin a sholáthar i gcás éileamh bunaithe ar chearta agus ar chúiseanna gearáin aonair. Faoi mar a tharlaíonn i gcásanna idir-réitigh, is go lán-dheonach a bhíonn rannpháirtíocht sa phróiseas, agus in aon chomhaontuithe nó réitithe a dhéantar.

Oifigigh Réitithe Cás atá bunaithe in oifigí an Choimisiúin i Teach Tom Johnson, Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath 4 a chuireann an tseirbhís ar fáil. Thug oifigigh Comhairleacha agus Idir-réitigh agus Coimisinéirí um Chearta an Choimisiúin an-tacaíocht do na hoifigigh sin i gcéimeanna luatha maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm an tionscadail. Rinne na hoifigigh teagmháil in 2012 le páirtithe i gcásanna roghnaithe a bhain leis an réimse reachtaíochta maidir le cearta fostaíochta agus cearta oibreachais a raibh an chosúlacht orthu go bhféadfaí iad a réiteach go luath. Chuaigh oifigeach i dteagmháil go tapa leis na páirtithe nó lena n-ionadaithe chun an tseirbhís a thairiscint dóibh ar bhonn deonach. I gcásanna inar thoiligh an dá pháirtí páirt a ghlacadh sa phróiseas, d'úsáid na hOifigigh glaonna teileafóin agus cumarsáid r-phoist chun iniúchadh a dhéanamh, ar bhonn neamh-dochrach, ar bhealaí ina bhféadfaí teacht ar chomhaontú. I gcásanna inar dhiúltaigh páirtithe an tseirbhís a úsáid, nó i gcásanna inar theip ar iarrachtaí teacht ar chomhaontú laistigh de thart ar sé seachtaine cuireadh na cásanna ar aghaidh chuig Seirbhís Choimisinéara um Chearta nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta de réir mar ba chuí le go socrófaí éisteacht fhoirmiúil. (Ní thugtar aon eolas don chomhlacht breithnithe faoi idirghníomhú na nOifigeach leis na páirtithe).

Reáchtáladh an tSeirbhís ar bhonn píolótach chun críocha meastóireachta agus foghlama ar feadh sé mhí ó Bhealtaine go Samhain 2012 agus tairgeadh seirbhís luathréitigh do 1209 gcás sa tréimhse sin. Theip ar an hoifigigh in 178 gcás teagmháil a dhéanamh le páirtí amháin nó le ceachtar páirtí agus cuireadh na cásanna ar aghaidh ansin chuig an gcomhlacht breithnithe ábhartha lena sceidealadh. Maidir leis an 1,031 chás eile, diúltaíodh don tseirbhís in 251 chás acu agus rinneadh é sin go príomha toisc gur chreid páirtí amháin nó an dá pháirtí go raibh imscrúdú foirmiúil agus cinneadh foirmiúil riachtanach don chás. Maidir leis an 780 cás eile, nó 76% díobh siúd a ndearnadh teagmháil leo, ghlac na páirtithe leis an tairiscint cúnamh a sholáthar agus ghlac siad páirt in iarrachtaí le teacht ar réiteach. In 253 cinn de na cásanna sin réitíodh an díospóid le cúnamh an oifigigh nó tarraingíodh siar í ina dhiaidh sin. B'ionann sin agus ráta rathúlachta 32% sna cásanna sin inar ghlac na páirtithe páirt.

Gné shuntasach den scéim phíolótach ab ea an chaoi ar ardaigh an ráta rathúlachta ó leibhéal sách íseal ag an tús de

réir mar a chuaigh na hOifigigh i dtaithí ar dhéileáil le cásanna faoi 15 phíosa reachtaíochta éagsúla. Mhol úsáideoirí na seirbhíse í nuair a rinneadh measúnú inmheánach eatramhach ar an tionscadal agus leanadh ar aghaidh léi nuair a bhí sé mhí tosaigh na céime píolótaí thart agus iad ag feitheamh ar mheasúnacht sheachtrach a dhéanfar in 2013.

Tá sonraí na gcásanna a socraíodh agus na gcásanna nárbh fhéidir teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe nó nár mhian leo baint a bheith acu leis an tSeirbhís Luath-Réitigh léirithe thíos:

| Gearáin chuig Seirbhís Choimisinéara um Chearta | Cásanna | Gearáin chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta | Cásanna |
|---|---|---|---|
| Níorbh fhéidir dul i dteagmháil le páirtithe | 108 | Níorbh fhéidir dul i dteagmháil le páirtithe | 70 |
| Diúltaithe don tSeirbhís Luath-Réitigh | 153 | Diúltaithe don tSeirbhís Luath-Réitigh | 98 |
| Socraithe (trí chomhaontú nó a tarraingíodh siar tar éis idirghabháil na Seirbhíse) | 187 | Socraithe (trí chomhaontú nó a tarraingíodh siar tar éis idirghabháil na Seirbhíse) | 66 |
| (% de chásanna na Seirbhíse Coimisinéara a ghlac le luathréiteach) | 36% | (% de chásanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta a ghlac le luathréiteach) | 25% |

### Is mar seo a leanas atá miondealú na gcásanna atreoraithe (de réir reachtaíochta) i rith na seirbhíse píolótaí:

| Reachtaíocht | Seirbhís Choimisinéara um Chearta | Binse Achomhairc Fostaíochta |
|---|---|---|
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cearta Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) (Leasú) 2003 | 17 | 0 |
| Na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-1990 | 96 | 0 |
| Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994-2004 | 6 | 0 |
| An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 | 16 | 1 |
| Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta | 0 | 113 |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 | 117 | 34 |
| An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 | 1 | 0 |
| An tAcht um Íoc Pá 1991 | 262 | 0 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 | 21 | 0 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001 | 4 | 0 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Gníomhaireachta Sealadacha) 2012 | 7 | 0 |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967-2007 | 0 | 172 |
| An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 | 9 | 0 |
| Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994-2001 | 104 | 0 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007 | 116 | 113 |

# Forléargas ar Sheirbhís Coimisinéara um Chearta


Is éard atá sa tSeirbhís Choimisinéara Chearta ná grúpa neamhspleách saineolaithe maidir le caidreamh tionsclaíoch laistigh den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais a ceapadh in 1970 chun díospóidí a réiteach a bhain le daoine aonair agus le grúpaí beaga oibrithe faoi shaincheisteanna laethúla maidir le caidreamh tionsclaíoch. Tá an bhéim athraithe le daichead bliain anuas sa chaoi go mbíonn siad ag déileáil le gearáin a thionscnaíonn níos mó is níos mó oibrithe faoi lear mór reachtaíochta saothair atá ag fás i gcónaí. Fir agus mná inniúla iad na Coimisinéirí a bhfuil taithí mhaith acu. Roghnaítear iad ó na ceardchumainn agus lucht gnó agus bíonn eolas maith acu ar an dlí saothair agus taithí acu ar réiteach díospóidí san ionad oibre. Tá cur chuige reatha na Seirbhíse faoi mar a bhíodh sé in 1970 .i. tugann siad aghaidh ar fhadhbanna ar bhealaí atá tapa agus neamh-dleathaíoch agus a bhfuil sé d'aidhm acu teacht ar réiteach.

Atreoraíodh i bhfad níos mó cásanna chuig an tSeirbhís le deich mbliana anuas (2002-2012) ná mar ar atreoraíodh riamh. Fuarthas 8,852 chás atreoraithe in 2012. Ba mhór an dúshlán é déileáil leis an méid sin cásanna atreoraithe, ó iontráil sonraí, go sceidealadh cruinnithe agus ar aghaidh go tabhairt na moltaí.

Le cabhair na foirne a bhí ag obair i Rannóga eile de chuid an Choimisiúin, agus go háirithe, ó fhoireann an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, réitíodh an scéal go sásúil sa deireadh thiar. Ag deireadh na bliana 2012 tairgeadh céad Éisteachtaí (i gcásanna Atreoraithe) laistigh de thréimhse idir 8 agus 12 seachtaine, a chuimsigh an tréimhse reachtúil 3 seachtaine 'coinneála' a bhfuil foráil fúithi sa reachtaíocht ghinearálta.

Fad is a bhí obair ar siúl ag déileáil leis an méid cásanna a bhí idir lámha againn, b'éigean d'Fhoireann na Seirbhíse páirt a ghlacadh freisin sna grúpaí oibre éagsúla a raibh tús curtha acu le hobair a bhain le cuíchóiriú a dhéanamh ar obair na gcomhlachtaí éagsúla um Chearta Fostaíochta. San áireamh i measc na ngníomhaíochtaí sin bhí tabhairt

### dTarchur a Fuarthas leis an Acht



isteach foirm ghearáin nua ilchodach leictreonach amháin, athstruchtúrú bhainistiú tosaigh na gcásanna atreoraithe a fhaightear, láithreán gréasáin an Choimisiúin a thabhairt cothrom le dáta agus páirt a ghlacadh san obair ullmhúcháin a bhaineann le dearadh agus coimisiúnú réitigh TFC le cur in ionad na gcóras éagsúil sin chun an gaol le custaiméirí a bhainistiú agus atá ar fáil faoi láthair sna Comhlachtaí éagsúla um Chaidreamh san Ionad Oibre.

## Cur ar Athló

Ní mór aghaidh a thabhairt i gcónaí ar mhéid na n-iarratas atá á ndéanamh le cásanna a chur ar athló.

## Dul ar scor

Chuaigh Michael Rooney, Coimisinéir um Chearta, ar scor i mí na Nollag 2012 tar éis na blianta fada a chaitheamh i mbun seirbhíse. Thacaigh an tUasal Rooney go mór leis an gCoimisiún le linn a thréimhse oifige. Tá 13 Coimisinéirí ann anois agus iad ag feidhmiú de réir patrún éagsúil comhaontaithe maidir le freastal.

Faoi mar atá i gcúrsaí fostaíochta eile na Seirbhíse Poiblí, tá moratóir ginearálta ar earcaíocht foirne a bhfuil tionchar aige ar an tSeirbhís ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear ar leibhéal na bainistíochta oibríochtúla.


Cé go bhfuarthas 8,852 chás atreoraithe in 2012, bhain an chuid ba mhó acu leis na cúig Acht seo a leanas:

| Staitisticí faoi Chásanna Atreoraithe a Fuarthas de réir Achta | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1969-1990 | 1,182 | 1,470 | 1,521 | 1,542 | 1,143 | 1,304 |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 | 1,541 | 1,516 | 1,577 | 1,396 | 1,288 | 1,308 |
| An tAcht um Íoc Pá 1991 | 2,961 | 3,540 | 4,681 | 8,266 | 3,040 | 2,806 |
| Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 | 1,295 | 1,722 | 1,812 | 1,514 | 1,233 | 957 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007 | 1,038 | 1,566 | 2,110 | 1,588 | 1,355 | 1,271 |

Tháinig an tAcht um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Gníomhaireachta Sealadacha) 2012 i bhfeidhm in 2012:

| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Gníomhaireachta Sealadacha) 2012 | |
|---|---|
| 2012 | 171 |

### Líon na gCásanna Atreoraithe a Fuarthas




### Staitisticí faoi na Cásanna Atreoraithe a Fuarthas

| | |
|---|---|
| 2007 | 9,077 |
| 2008 | 10,900 |
| 2009 | 13,256 |
| 2010 | 15,671 |
| 2011 | 9,206 |
| 2012 | 8,852 |

## Liosta de Threoracha an AE, de na hAchtanna agus de na Rialacháin a bhfuil feidhm ag na Coimisinéirí um Chearta maidir leo

1. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 (Uimh. 14 de 1969)
2. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1976 (Uimh. 15 de 1976)
3. An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (Uimh. 10 de 1977)
4. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 (Uimh. 19 de 1990)
5. An tAcht um Íoc Pá, 1991 (Uimh. 25 de 1991)
6. An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1993 (Uimh. 22 de 1993)
7. An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 (Uimh. 5 de 1994)
8. An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 (Uimh. 34 de 1994)
9. An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 (Uimh. 2 de 1995)
10. Rialacháin um Chosaint Mháithreachais (Díospóidí agus Achomhairc), 1995 (I.R. Uimh. 17 de 1995)
11. An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 (Uimh. 16 de 1996)
12. An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (Uimh. 20 de 1997)
13. An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 (Uimh. 30 de 1998)
14. An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 (Uimh. 49 de 1998)
15. Na Rialacháin um Shaoire Tuismitheora (Díospóidí agus Achomhairc), 1999 (I.R. Uimh. 6 de 1999)
16. An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Uimh. 5 de 2000)
17. An tOrdú um An Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Tosach Feidhme), 2000 (I.R. Uimh. 96 de 2000)
18. An tOrdú um An Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Pá Íosta Náisiúnta san Uair a Chloig), 2000 (I.R. Uimh. 95 de 2000)
19. An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Pá Íosta Náisiúnta san Uair a Chloig), Ordú (Uimh. 2), 2000 (I.R. Uimh. 201 de 2000)
20. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000 (I.R. Uimh. 488 de 2000)
21. An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001 (Uimh. 19 de 2001)
22. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 (Uimh. 45 de 2001)
23. An tAcht Iomaíochta 2002 (Uimh. 14 de 2002)

24. An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 (Uimh. 29 de 2003)
25. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú) 2003 (I.R. Uimh. 131 de 2003)
26. An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Pá Íosta Náisiúnta san Uair a Chloig), 2003 (I.R. Uimh. 250 de 2003)
27. An tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 (Uimh. 4 de 2004)
28. An tAcht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004 (Uimh. 28 de 2004)
29. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Uimh.10 de 2005)
30. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Pá Íosta Náisiúnta san Uair a Chloig), 2005 (I.R. Uimh. 203 de 2005)
31. An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 2005 (Uimh. 25 de 2005)
32. An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006 (Uimh. 4 de 2006)
33. An tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2006 (Uimh. 9 de 2006)
34. An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2006 (Uimh. 13 de 2006)
35. An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (Uimh. 16 de 2006)
36. An tOrdú um an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Ráta Pá Íosta Náisiúnta san Uair a Chloig), 2006 (I.R. Uimh. 667 de 2006)
37. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre) (Foireann Ghluaisteach in Eitlíocht Shibhialta) 2006 (I.R. Uimh. 507 de 2006)
38. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta na hEorpa faoi Dhliteanas Teoranta Poiblí) (Páirtíocht Fostaithe) 2006 (I.R. Uimh. 623 de 2006)
39. An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta (Comhiomarcaíochtaí Eisceachtúla agus Nithe Gaolmhara) 2007 (Uimh. 27 de 2007)
40. An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (Uimh. 19 de 2007)
41. An tAcht Sláinte 2007 (Uimh. 23 de 2007)
42. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comharchumann na hEorpa) (Páirteachas Fostaithe) 2007 (I.R. Uimh. 259 de 2007)
43. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (maidir le tuairisciú ar tharluithe in eitlíocht shibhialta) 2007 (Uimh. 285 de 2007)
44. An tAcht Ceimiceán 2008 (Uimh. 13 de 2008)
45. An tAcht Carthanas 2009 (Uimh. 6 de 2009)
46. An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 (Uimh. 34 de 2009)
47. An tAcht um Áiseanna Saothair (Leasú) 2009 (Uimh. 38 de 2009)
48. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dálaí Oibre Oibrithe Taistil i mbun Seirbhísí Trasteorann idiroibritheacha san Earnáil Iarnróid) 2009 (I.R. Uimh. 377 de 2009)
49. An tAcht um Iascaigh Intíre 2010 (Uimh. 10 de 2010)
50. An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) 2010 (Uimh. 33 de 2010)
51. An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2010 (Uimh. 38 de 2010)
52. An tOrdú um An Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Alt 11), 2011 (I.R. Uimh. 13 de 2011)
53. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 (Uimh. 26 de 1946)
54. Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forghníomhú), 2013
55. An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011 (Uimh. 21 de 2011)

# Seirbhísí Corparáideacha

## Forbhreathnú ar Sheirbhísí Corparáideacha

Post comhroinnte é an post mar Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha lena mbaineann freagrach as nithe maidir le cothabháil na n-áitreabh (Teach Tom Johnson agus Teach Lansdúin) agus as seirbhísí gaolmhara, as comhlíonadh gach ceanglas a eascraíonn laistigh de na réimsí airgeadais agus rialachais chorparáidigh, agus as gníomhú mar Rúnaí an Bhoird agus mar Rúnaí an Choiste Iniúchóireachta. Tacaíonn Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin leis an Stiúrthóir san obair sin. Lena chois sin tá an Stiúrthóir i gCeannas ar an tSeirbhís Choimisinéara um Chearta

## Cruinnithe an Bhoird

Bhí aon cheann déag de chruinnithe de chuid an Bhoird ann in 2012.

| Bhí aon cheann déag de chruinnithe de chuid an Bhoird ann in 2012: | |
|---|---|
| An tUasal Breege O'Donoghue | 11 |
| An tUasal Brendan McGinty | 8 |
| An tUasal Fergus Whelan | 9 |
| An tUasal Gerard Barry | 11 |
| An tUasal Iarla Duffy | 11 |
| An tUasal John Hennessy | 11 |
| An tUasal Peter McLoone | 11 |

## An Cód Cleachtais um Rialachas agus Iompar an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais

Cuireann an Bord nósanna imeachta i bhfeidhm de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ina theannta sin, ghníomhaigh an Bord agus an Coimisiún i gcomhréir le téarmaí chód na heagraíochta féin, ''Cód Cleachtais um Rialachas agus Iompar an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais''.

## An Coiste Iniúchóireachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire in 2012.

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta, mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach atá á dhéanamh ar chúrsaí rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais sa Choimisiún, tuairisc a sholáthar agus comhairle a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta agus don Bhord faoi cheisteanna rialaithe inmheánaigh. Is cleachtóir neamhspleách a bhreathnaíonn i ndiaidh cúrsaí an Iniúchta Inmheánaí agus is é an Coiste a mheasann agus a fhaomhann pleananna iniúchta de réir mar is gá agus i gcomhthéacs clár struchtúrtha gníomhaíochta a chinntíonn go scrúdaítear gach gné ábhartha de ghníomhaíochtaí an Choimisiúin thar thréimhse ama réamhshainithe.

Bíonn aird ag an gCoiste i gcónaí agus iad ag breithniú pleananna Iniúchóireachta ar fhorbairtí ar nós Treoirlínte nuashonraithe maidir le Rialachas Corparáideach, dea-chleachtas agus ar réimse gaolmhar na n-oibleagáidí comhlíonta atá ag méadú agus ag éirí níos mionsonraithe i gcónaí agus a bhfuil ar an eagraíocht agus ar dhaoine den lucht bainistíochta géilleadh dóibh de réir mar a chuirtear reachtaíocht, rialacháin agus cóid chleachtas nua i bhfeidhm.

Ba é conclúid an Choiste Iniúchóireachta, tar éis dóibh tuairiscí ábhartha an Iniúchóra a mheas, go raibh córas éifeachtach rialuithe inmheánaigh i bhfeidhm sa Choimisiún.

Cuireadh in iúl do chomhaltaí uile an Bhoird, do na Coimisinéirí um Chearta agus d'oifigigh ábhartha an Choimisiúin na hoibleagáidí a bhí orthu faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.

## Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Tá an Coimisiún tiomanta d'fhéachaint chuige go gcuirfear dea-chleachtas i bhfeidhm maidir le soláthar gach gné den CBFF d'fhonn feabhas a chur ar fhorbairt na foirne agus lena chinntiú go mbeidh bealaí ann chun cumarsáid

chuiditheach dhá threo a dhéanamh. Cuireadh Próifíl Róil agus Athbhreithniú Eatramhach i gcrích go tráthúil le haghaidh gach ball d'fhoireann an Choimisiúin. Tá spreagadh do sholáthar aiseolais aníos ina ghné den phróiseas. Déanfaidh an Coimisiún a chion féin lena chinntiú go tabharfar tacaíocht d'fheabhsúcháin atá ar tí tarlú go luath agus d'fheabhsú an phróisis.

## Íoc Pras Cuntas

Cuireadh síneadh leis an riail maidir le híocaíocht phras 15 lá chun go gcuimseofar léi Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na hÚdaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit, agus gach Comhlacht eile de chuid na hEarnála Poiblí (cé is moite de na comhlachtaí Stát-tionscanta tráchtála). Tá na sonraí ábhartha foilsithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin faoi mar a éilítear faoi na rialacha nua.

## Tuarascáil ar Chomhlíonadh Fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas

Tá tuairisc thíos ar chleachtais íocaíochta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, faoi mar a éilítear san Acht.

1. I gcomhréir le cinneadh an Rialtais S29296 de 2 Márta 2011, tá an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais tiomanta do gach iarracht a dhéanamh chun soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá ón am a fhaightear sonrasc bailí.

2. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm chun gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc a chlárú gach lá agus déantar íocaíochtaí a eisiúint de réir mar is gá chun comhlíonadh tráthúil a chinntiú.

3. Nuair is gá, íocfar ús um íoc pras i gcomhréir le treoirlínte eisithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

4. Foilsítear Tuarascálacha Ráithiúla faoi Phras Íocaíochtaí sa chuid 'Faisnéis do Sholáthraithe' den láithreán gréasáin.

Tá na cuntais neamhiniúchta don bhliain 2012 san áireamh sa Tuarascáil seo. Agus é seo á scríobh tá tús curtha ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le scrúdú na gcuntas. Tíolacfar na Cuntais Iniúchta don Aire agus leagfar iad os comhair an Oireachtais a luaithe agus is féidir tar éis don nós imeachta iniúchóireachta a bheith curtha i gcrích agus Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bheith curtha ar fáil.

## An Tréimhse Clúdaithe: 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012

| Mionsonraí | Uimhir | Luach (€) | Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh |
|---|---|---|---|
| Total payments made in 2012 | 1363 | 606,780.95 | (100%) |
| Number of payments made within 15 days | 1359 | 605,773.63 | 99% |
| Number of payments made within 16 days to 30 days | 5 | 1,007.32 | 1% |
| Number of payments made in excess of 30 days | 0 | 0 | 0 |
| Disputed Invoices | 0 | 0 | 0 |



# Caibidil 3

## Cuntais Iniúchta

### RÁITIS AIRGEADAIS 2011

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi fhreagrachtaí an Choimisiúin | 42 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais | 43 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 45 |
| Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta | 47 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 48 |
| Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 49 |
| Clár Comhardaithe | 50 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 51 |

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Choimisiúin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Choimisiúin


Éilíonn Alt 31(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1990 ar an gCoimisiún Ráitis Airgeadais a ullmhú i cibé foirm a fhaomhann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin stuama réasúnta a dhéanamh;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibre;
- sonrú arbh amhlaidh a cuireadh na caighdeáin chuntasaíochta chuí i bhfeidhm, seachas aon imeacht ábhartha a nochtfar agus a mhíneofar sna Ráitis Airgeadais;

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 31 (1) den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as sócmhainní an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun cosc a chur ar chalaois agus mírialtachtaí eile agus iad a bhrath.



Cathaoirleach
Dáta: 23 Samhain 2012



Comhalta den Choimisiún
Dáta: 23 Samhain 2012

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

## Freagracht maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithním mar Chathaoirleach freagracht an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil ama.

## Príomhnósanna Imeachta maidir le Rialú

Tá bearta curtha i gcrích ag an gCoimisiún le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cosaint a dhéanamh ar shócmhainní an Choimisiúin; agus
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud an Choimisiúin

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Choimisiúin a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- An dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas - tá clár riosca i bhfeidhm;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Choimisiúin na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú; agus
- Measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad míosúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus comhaontú faoi;
- Athbhreithnithe rialta ag an gCoimisiún ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;

- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte sainmhínithe go soiléir maidir le ceannach agus faomhadh; agus
- Smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadal.

D'fhostaigh an Coimisiún comhairleoir, ar bhonn conartha, mar iniúchóir inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Coimisiún ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Choiste Iniúchta, bainisteoirí feidhmiúcháin an Choimisiúin atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus ar thuairimí a nochtann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2011 go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Sínithe ar son an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais



**Breege O'Donoghue** *Cathaoirleach*
*Dáta: 23 Samhain 2012*

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais**

## An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1990. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis, an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe Airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán de réir an dlí infheidhme agus an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé m'iniúchadh agus mé ag cur san áireamh na gcúinsí speisialta a bhaineann le bainistíocht agus le feidhmiú na gcomhlachtaí Stáit.

Chuir mé m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna Ráitis Airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear air sin measúnú ar an méid seo a leanas:

- Cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Choimisiúin, ar cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- a réasúnaí is a bhí meastacháin suntasacha cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- tíolacadh foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith le linn m'iniúchta fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

## Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é mo tuairim gur choinnigh an Coimisiún leabhair chuntais chuí. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntasaíochta.

## Nithe ar a dtugaim Tuairisc trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht más rud é

- Nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- má tugadh faoi deara le linn m'iniúchta cás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche dá raibh sé beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás lena rialaítear iad; nó
- Nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Choimisiúin leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dtugtar tuairisc orthu trí eisceacht.



**Andrew Harkness**
*Ar son agus thar ceann*
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*
30 Samhain 2012

# Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

## 1 Bunús na Cuntasaíochta

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin faoi mar atá curtha in iúl thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a théann siad i bhfeidhm. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na Ráitis Airgeadais.

## 2 Deontais ón Oireachtas

Tugtar cuntas ar ioncam ar bhonn:

- Fáltais airgid ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta;
- Íocaíochtaí déanta ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta thar ceann an Choimisiúin.

## 3 Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Glacann an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais €1,000 mar thairseach íosta caipitlithe. Sonraítear na sócmhainní seasta de réir a gcostas lúide an dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn líne dírí ar rátaí a mheastar a dhéanfaidh costas gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán, Daingneáin agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% in aghaidh na bliana |

